CLÁR TOIRCHEAS GÉARCHÉIME FSS 2013

tuarascáil bhliantúil

crisispregnancyprogramme

Clár Toircheas Géarchéime FSS
Mapa na Seirbhísí Comhairleoireachta

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

crisispregnancyprogramme

Clár na nÁbhar

Helen Deely, Ceann Chlár Toircheas Géarchéime FSS 2

Ról Chlár Toircheas Géarchéime FSS 4

Struchtúr an Chláir 7

Cuspóirí Straitéiseacha 9

Cuspóir Straitéiseach 1
Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil 10

Cuspóir Straitéiseach 2
Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna 14

Cuspóir Straitéiseach 3
Seirbhísí toircheas géarchéime 19

Cuspóir Straitéiseach 4
Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais 24

Cuspóir Straitéiseach 5
Aistriú eolais agus taighde 27

Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha Chlár Toircheas Géarchéime FSS 32

Aguisíní 34
Aguisín 1: Cód Eitice 34
Aguisín 2: Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach 35
Aguisín 3: Seirbhísí Tacaíochta 36

Réamhrá

Le linn tréimhse 12 bhliain, chomhordaigh Clár Toircheas Géarchéime FSS obair sna réimsí um thoircheas géarchéime a chosc, um shláinte ghnéasach a chur chun cinn agus um sheirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú. Léiríonn measúnú ar obair an Chláir éachtaí suntasacha maidir lena shainordú a chomhlíonadh trí thionscnaimh atá bunaithe ar fhianaise ina fheidhm mhaoiniúcháin, ina fheidhm oideachais agus faisnéise agus ina fheidhm thaighde agus bheartais.

In 2013, bhí laghdú breise ar líon na mban a thug seoltaí Éireannacha ag clinicí ginmhillte sa Ríocht Aontaithe. Bhí sí ar an dara bliain déag i ndiaidh a chéile inar taifeadadh laghdú. De réir fhigiúirí na Roinne Sláinte sa Ríocht Aontaithe, laghdaigh líon na mban a thug seoltaí Éireannacha ag clinicí ginmhillte ó 6,673 bean sa bhliain 2001 go 3,679 bean sa bhliain 2013, ar laghdú 45% é. Is ionann sin agus laghdú sa ráta ginmhillte ó 7.5 bean in aghaidh gach 1,000 bean in Éirinn sa bhliain 2001 go 3.8 bean in aghaidh gach 1,000 bean sa bhliain 2013.

Tháinig laghdú ar líon iomlán na mbreitheanna do dhéagóirí freisin. Laghdaigh sé ó 3,087 breith sa bhliain 2001 go 1,381 breith sa bhliain 2013, ar laghdú 55% é thar 12 bhliain. Is ionann sin agus laghdú sa ráta breithe i measc déagóirí ó 20 bean in aghaidh gach 1,000 bean idir 15 bliana d'aois agus 19 mbliana d'aois i ndaonra na hÉireann sa bhliain 2001 go 10.4 bean in aghaidh gach 1,000 bean sa bhliain 2013.

Chomhlíon an Clár plean suntasach seirbhíse in 2013 in ainneoin caillteanais foirne. D'imir foireann an Chláir ról tábhachtach i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2014-2020. Leagtar amach sa phlean straitéiseach nua, a mbainistíonn an Roinn Sláinte é, beartas Rialtais agus cuirtear treo straitéiseach ar fáil ann le haghaidh sláinte ghnéasach in Éirinn. Chuir foireann an Chláir le forbairt na cáipéise ach eolas agus saineolas a chur ar fáil sna réimsí seo: cumarsáid, oideachas, taighde agus soláthar seirbhíse. Déanfaidh Rannóg Sláinte agus Folláine FSS maoirseacht air agus, rud ba shonraí fós, beidh freagracht ar an gClár Toircheas Géarchéime as gníomhartha atá faoi théarmaí tagartha FSS a chur chun feidhme laistigh den straitéis náisiúnta um shláinte ghnéasach. Chomh maith leis sin, tacóimid le gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí le go bhféadfaidh siad a gcuid gníomhartha a chomhlíonadh. Tá an Clár ag súil le forbairt a dhéanamh ar an dea-chaidreamh oibre agus ar na comhaontais a cruthaíodh le linn an phróisis forbartha straitéisí.

D'oibrigh feidhm Oideachais agus Faisnéise an Chláir go dlúth le hAonad Náisiúnta Cumarsáide FSS chun forbairt a dhéanamh ar chéim nua dá fheachtas 'Smaoinigh ar Fhrithghiniúint' lena dtugtar aghaidh ar thoircheas agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna). Is é teachtaireacht an fheachtais ná gur féidir nach dtarlóidh sé gach uair ach, nuair a tharlaíonn sé, is cabhair an coiscín (Johnny's got you covered). Tugann tuairiscí taighde le fios go n-aithnítear an feachtas go forleathan. Bhí 71% den spriocphobal eolach ar an bhfeachtas nua 'Johnny's got you covered' in 2013. Tá an-éileamh ar chuntas Twitter Johnny @thinkjohnny agus ar leathanach Facebook Johnny 'Johnny's got you covered' agus chuir breis agus 30,000 duine 'is maith liom' leis an leathanach ar Facebook ó bunaíodh i lár na bliana 2012 é. Ina theannta sin, d'amharc breis agus 200,000 duine ar an bhfógra teilifíse trí YouTube ó seoladh an fógra teilifíse i mí na Samhna 2013.

Lean feidhm Thaighde agus Bheartais an Chláir dá cuid oibre leis an bhfoireann taighde chun an clár oibre um Riachtanais Sláinte Gnéasaí agus Oideachais Ghnéasaigh na nDaoine Óga faoi Chúram (SEYNPIC) a sholáthar. Is í an tOllamh Abbey Hyde, an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), atá i gceannas ar an taighde. Tá an taighde sin ar an gcéad taighde dá chineál sa tír seo agus ar fud an domhain agus bainfear úsáid as na torthaí chun tacú le

riachtanais na ndaoine óga faoi chúram altrama agus faoi chúram cónaithe. Tá sé beartaithe an clár taighde iomlán a sheoladh sa cheathrú ráithe den bhliain 2014.

Déanfaidh píosa eile taighde a coimisiúnaíodh in 2013 iniúchadh ar na tosca a choisceann cumarsáid atá oiriúnach d'aois faoi chaidreamh, faoi ghnéasacht agus faoi fhás aníos agus ar na tosca a chumasaíonn cumarsáid atá oiriúnach d'aois faoi na hábhair sin idir tuismitheoirí agus leanaí óga atá idir 4 bliana d'aois agus 9 mbliana d'aois. Tá an Dr Catherine Conlon ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), i gceannas ar an taighde sin agus táthar ag súil go mbeidh na torthaí ar fáil go luath sa bhliain 2015. Aithníonn an Clár an ról ríthábhachtach a imríonn tuismitheoirí in oideachas a chur ar fáil dá leanaí faoi na hábhair sin agus tá sé tiomanta ina straitéis do thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí le gur féidir leo an t-oideachas is fearr is féidir a sholáthar dóibh.

Lean feidhm Mhaoiniúcháin an Chláir ar aghaidh ag tacú leis an bhfáil ar chomhairleacht toircheas géarchéime duine le duine agus ar sheirbhísí iar-ghinmhillte. Rud tábhachtach a ndíríonn an obair seo air ná an teagmháil leanúnach le soláthraithe seirbhíse chun an leibhéal is airde is féidir de cháilíocht seirbhíse a choinneáil. Cuirtear maoiniú ar fáil do sholáthraithe seirbhíse go díreach chun cabhrú le hoiliúint leanúnach, le forbairt ghairmiúil leanúnach agus le maoirseacht (maoirseacht inmheánach agus maoirseacht sheachtrach) dóibh siúd atá ag cur comhairleoireacht toircheas géarchéime agus seirbhísí gaolmhara ar fáil.

Tá cúrsa an Teastais i Scileanna Comhairleoireachta Toircheas Géarchéime curtha i gcrích ag breis agus 100 duine ar baill foirne de FSS nó comhairleoirí toircheas géarchéime iad. Cúrsa bliana le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad (OÉ, Maigh Nuad) atá ann. Is é is aidhm don chúrsa seo tacú le daoine aonair a oibríonn le daoine atá ag eispéiriú toircheas géarchéime chun feabhsú breise a chur ar a scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta sa réimse comhairleoireachta ar leith seo agus chun caighdeáin dea-chleachtais a shocrú sa réimse.

Ghlac gairmithe sláinte níos mó ná 240 áit sna Máistir-ranganna maidir le Tacaíocht i gCás Toircheas Neamhphleanáilte ó cuireadh tús leis an tsraith in 2011. Áiríodh leis na hábhair a clúdaíodh mar chuid de na máistir-ranganna sin in 2013:
'An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime', 'Ardscileanna

Comhairleoireachta' agus 'Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta'.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Comhairleach don Chlár a bhfuil an Dr Anne Marie McGauran ina cathaoirleach air.
Thug an Grúpa tacaíocht agus treoir luachmhar d'fhoireann an Chláir in 2013.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Chláir freisin as a ndianobair agus a dtiomantas leantach don Chlár. Chuir siad plean uaillmhianach seirbhíse i bhfeidhm in 2013.

Helen Deely
Ceann Chlár Toircheas Géarchéime FSS

Ról Chlár Toircheas Géarchéime FSS

Bunaíodh Clár Toircheas Géarchéime FSS (an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime roimhe sin) i mí Dheireadh Fómhair 2001 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961, agus rialaíodh é le hOrdú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) 2001 (I.R. Uimh. 446 de 2001), arna leasú le hOrdú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) 2001 (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 175 de 2007). I mí Eanáir 2010, aistríodh an iarGhníomhaireacht chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 lena bhforáiltear, i measc nithe eile, gur dílsithe go dlíthiúil do FSS roinnt feidhmeanna tábhachtacha a bhíodh dílsithe don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Is é príomhfheidhm Chlár Toircheas Géarchéime FSS (an Clár), de réir mar atá leagtha amach san Ionstraim Reachtúil, agus atá dílsithe do FSS de réir mar a fhoráiltear san Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ná straitéis a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheist an toirchis ghéarchéime, i gcomhairle leis na Ranna cuí Stáit agus le daoine eile a mheastar a bheith oiriúnach.

Is é cuspóir an Chláir díriú go straitéiseach ar shaincheist an toirchis ghéarchéime agus, mar sin, tuilleadh luacha a chur le hobair na soláthraithe seirbhíse atá ann cheana féin. Plean straitéise maidir leis an dóigh a dtugann an Clár aghaidh ar shaincheist an toirchis ghéarchéime atá sa tríú straitéis ón gClár, is é sin, 'Rannpháirtíocht i gCur Chuige Náisiúnta ina nDéantar Cur Chun Cinn ar Shláinte Mhaith Ghnéasach, ar Chinnteoireacht atá Bunaithe ar Eolas, ar Chleachtais atá Bunaithe ar Fhianaise, agus ar Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin 2012-2016'.

Tá an straitéis náisiúnta um shláinte ghnéasach le foilsiú in 2014 agus beidh freagracht ar an gClár as na gníomhartha atá faoi théarmaí tagartha FSS a chur chun feidhme.

Sainorduithe

Is é atá i straitéis náisiúnta ná an mheicníocht trína ndéanann an Clár baint amach ar chuspóirí atá leagtha amach sna trí shainordú atá sonraithe san Ionstraim Reachtúil.

Sainordú 1:
Laghdú ar líon na dtoircheas géarchéime ach oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil.

Sainordú 2:
Laghdú ar líon na mban a bhfuil toircheas géarchéime acu agus a shocraíonn ar ghinmhilleadh a bheith acu ach seirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint a chuireann roghanna eile ar an nginmhilleadh i láthair ar dhóigh níos mealltaí.

Sainordú 3:
Seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí míochaine agus seirbhísí eile sláinte a chur ar fáil chun tacaíocht a sholáthar i ndiaidh toircheas géarchéime de réir mar a mheasann an Clár a bheith cuí.

Fís

Oibreoidh an Clár, trí straitéis náisiúnta, lena fhís don todhchaí a bhaint amach:

- Ina bhfáilteoidh mná, a bpáirtnéirí agus a dteaghlaigh roimh an toircheas agus roimh an tuismitheoireacht agus ina mbeidh an dá rud ina n-eispéireas dearfach dóibh.
- Ina dtarlóidh toirchis ghéarchéime níos annaimhe, ach sa chás go dtarlóidh siad, beidh mná agus fir in ann aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim gan eagla a bheith orthu roimh an todhchaí as siocair go mbeidh an tacaíocht chuí ar fáil, is cuma cén rogha a dhéanfaidh siad.

Misean

Cuirtear in iúl i ráiteas an mhisin straitéisigh cad chuige a bhfuil an Clár i bhfeidhm agus cad é an cur chuige atá in úsáid chun an fhís straitéiseach a bhaint amach. Luaitear ann:

Go bhfuil an Clár tiomanta do líon na dtoircheas géarchéime a laghdú agus do thacaíocht a thabhairt do mhná agus d'fhir atá ag déileáil le toircheas géarchéime. Déanfaidh an Clár amhlaidh ach páirt a ghlacadh i gcur chuige atá comhordaithe go náisiúnta agus a dhéanann cur chun cinn ar shláinte mhaith ghnéasach, ar chinnteoireacht atá bunaithe ar eolas, ar chleachtais atá bunaithe ar fhianaise agus ar rochtain ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí leanúnacha ardchaighdeáin.

Feidhmeanna

Déantar foráil san Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 don riarachán agus don ghnó a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo a leanas a bhí le haistriú chuig FSS. Is ionann na feidhmeanna seo agus iad siúd atá dílsithe don Chlár faoi Airteagal 4 (i), (ii), (v), (vi), (vii), (viii), (ix) agus (x) d'Ordú na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) 2001, arna leasú in 2007. Is iad seo a leanas feidhmeanna an Chláir:

(i) straitéis a ullmhú chun dul i ngleic le saincheist an toirchis ghéarchéime, i gcomhairle le Ranna Stáit [1] atá sonraithe sa sceideal agus le duine ar bith eile a mheastar a bheith cuí, agus soláthróidh an Straitéis seo, i measc nithe eile, do:

(a) laghdú ar líon na dtoircheas géarchéime ach oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a chur ar fáil;

(b) laghdú ar líon na mban a bhfuil toircheas géarchéime acu agus a shocraíonn ar ghinmhilleadh a bheith acu ach seirbhísí agus

[1] Department of Health and Children, Department of Education and Skills, Department of the Environment, Heritage and Local Government, Department of Justice and Law Reform.

tacaíochtaí a thairiscint a chuireann roghanna eile ar an nginmhilleadh i láthair ar dhóigh níos mealltaí;

(c) sheirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí míochaine agus seirbhísí eile sláinte a chur ar fáil chun tacaíocht a sholáthar i ndiaidh toircheas géarchéime de réir mar a mheasann an [Clár] a bheith cuí.

(ii) oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun gnóthachtáil na gcuspóirí atá sa Straitéis a chur chun cinn agus a chomhordú;

(v) tuairiscí tréimhsiúla a dhéanamh ar dhul chun cinn agus bearta feabhais a mholadh nuair is gá;

(vi) gnóthachtáil na gcuspóirí atá sonraithe in Airteagail 4(i)(a), 4(i)(b) agus 4 (i)(c) a chur chun cinn i gcomhar le duine ar bith eile a mheasann an [Clár] a bheith cuí:

(a) ach feasacht an phobail a chur chun cinn

(b) ach faisnéis agus ábhar faisnéise a fhorbairt, a chur chun cinn agus a scaipeadh, agus

(c) ach soláthar an oideachais agus na hoiliúna a chothú leis na nithe seo a leanas a chuimsiú:

(i) feachtais fógraíochta sna meáin a choimisiúnú

(ii) feachtais sna meáin leictreonacha a choimisiúnú

(iii) áiseanna, ábhair fógraíochta agus ábhair oiliúna a fhorbairt

(iv) na hábhair sin a scaipeadh agus/nó

(v) aon mhodh eile a mheasann an [Clár] a bheith cuí chun críche a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt (vi) den Airteagal seo.

(vii) cóid dea-chleachtais a cheapadh a bheidh le breithniú ag gníomhaireachtaí agus ag daoine aonair a bhfuil páirt acu i seirbhísí a chur ar fáil do mhná a bhfuil toircheas géarchéime acu;

(viii) taighde ar ghnéithe de thoircheas géarchéime a chur chun cinn agus a choimisiúnú mar a mheastar a bheith riachtanach;

(ix) comhairle a sholáthar, nuair a éilíonn an tAire í nó ar a thionscnamh féin, don Aire nó d'Airí eile an Rialtais ar shaincheisteanna a bhaineann le toircheas géarchéime;

(x) aon fheidhm eile a dhéanamh i dtaca le toircheas géarchéime a d'fhéadfadh an tAire a éileamh ó am go chéile.

Cuirtear in iúl i gCód Eitice an Chláir na prionsabail a threoraíonn an chinnteoireacht maidir le tionscadail agus taighde a fhorbairt agus a mhaoiniú agus le tacú leo (lena n-áirítear an taighde a mhaoiníonn sé). Féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí a fháil.

Struchtúr an Chláir

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Déantar foráil san Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 don riarachán agus don ghnó a bhaineann le feidhmiú fheidhmeanna na hiarGhníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime a bhí le haistriú chuig FSS mar chuid de chlár an Rialtais le haghaidh chuíchóiriú chun éifeachta na ngníomhaireachtaí Stáit. Tháinig an t-aistriú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2010 agus tugadh Clár Toircheas Géarchéime FSS ar an iarGhníomhaireacht.

An Rannóg Sláinte agus Folláine

I lár na bliana 2013, bunaíodh an Rannóg Sláinte agus Folláine i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tháinig sí as socruithe nua rialachais le haghaidh na seirbhísí sláinte. Dírítear obair na Rannóige Sláinte agus Folláine ar chabhrú le daoine coinneáil sláintiúil agus folláin, ar mhíchothromaíochtaí sláinte a laghdú agus ar dhaoine a chosaint ar bhagairtí dá sláinte agus dá bhfolláine. Tá Stiúrthóir Náisiúnta, a thuairiscíonn d'Ard-Stiúrthóir na Seirbhíse Sláinte, i gceannas ar an Rannóg. Cuimsíonn sí: Cur Chun Cinn agus Feabhsú na Sláinte; Sláinte an Phobail agus Cosaint Sláinte; Sláinte Leanaí; Sláinte Chomhshaoil; Seirbhísí Náisiúnta Scagthástála; Bainistíocht Éigeandála; agus Bainistíocht Eolais (Faisnéis Sláinte).

Comhpháirt lárnach den Rannóg Sláinte agus Folláine is ea an Oifig Náisiúnta um Chur Chun Cinn agus Fheabhsú na Sláinte agus tá sí á treorú ag Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta a thuairiscíonn don Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte agus Folláine. Tá an Clár Toircheas Géarchéime ina chuid den Oifig Náisiúnta um Chur Chun Cinn agus Fheabhsú na Sláinte.

An Grúpa Comhairleach

Is fóram ildisciplíneach é an Grúpa Comhairleach, atá bunaithe ar Choiste Comhairliúcháin na hiar-Ghníomhaireachta. Tá sé comhdhéanta de pháirtithe leasmhara éagsúla: Ranna Rialtais, FSS, soláthraithe seirbhíse maoinithe agus ionadaithe eile ón earnáil sláinte agus ón earnáil shóisialta.

Feidhmíonn an Grúpa mar fhóram d'eagraíochtaí a mbaineann obair an Chláir leo inar féidir leo a gcuid tuairimí a chur i láthair. Is é an fheidhm atá aige ná comhairle a chur ar an gClár maidir le (a) haon chúrsaí a bhaineann le toircheas géarchéime de réir mar a thagraíonn an Clár dó agus le (b) haon chúrsaí eile a thagann faoi théarmaí tagartha an Chláir.

In 2013,rinne an Dr Anne Marie McGauran ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) cathaoirleacht ar an nGrúpa. Tháinig an Grúpa le chéile chun plé a dhéanamh ar na hábhair seo a leanas le linn 2013:

- Comhairleoireacht iar-ghinmhillte a chur ar fáil in Éirinn
- Creat féinmheasúnaithe a fhorbairt do sheirbhísí toircheas géarchéime
- Taighde ar thuismíocht aonair agus ar thuismíocht comháitritheoirí neamhphósta agus taighde ar thoircheas géarchéime in Éirinn - cur i láthair
- Riachtanais sláinte gnéasaí agus oideachais ghnéasaigh na ndaoine óga faoi chúram (staidéar SEYNPIC): tuairimí na soláthraithe seirbhíse - cur i láthair
- Creat caighdeánaithe do sheirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime - lámhleabhar.

Tugtar liosta iomlán de na comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach in Aguisín 2.

Baill Foirne

Bhí cúigear ball foirne ag an gClár ag deireadh na bliana 2013. Leagtar an struchtúr foirne amach sa chairt.



Baill foirne nach raibh i mbun poist ag deireadh na bliana

Bhí an post mar Oifigeach Maoiniúcháin ag Sarah Ryan go dtí mí Lúnasa 2013.

Bhí an post mar Fháilteoir / Chúntóir Pearsanta don Stiúrthóir ag Marsha Williams go dtí mí Lúnasa 2013

Cuspóirí Straitéiseacha

Le haghaidh thréimhse cúig bliana na Straitéise ó 2012 go 2016, tá an Clár ag díriú ar chúig phríomhchuspóir ina chuid oibre:

1. *Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil*
   Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéasach agus ar chaidreamh gnéasach a fheabhsú ach feachtais spriocdhírithe chumarsáide, cláir shaincheaptha faisnéise agus oideachais agus tionscnaimh eile ar fud raon suíomhanna a sholáthar.

2. *Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna*
   Feasacht ard ar an bhfrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna a chinntiú chun úsáid cheart chomhsheasmhach na frithghiniúna a mhéadú i measc na ngrúpaí sin atá i mbaol.

3. *Seirbhísí toircheas géarchéime*
   Rochtain ar sheirbhísí comhsheasmhacha comhairleoireacht toircheas géarchéime agus ar sheirbhísí iar-ghinmhillte ar ardchaighdeán a fheabhsú agus an fháil ar thacaí iarbhreithe agus teaghlaigh pobalbhunaithe a chur chun cinn.

4. *Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais*
   Forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhaontas straitéiseach a chothú chun an rannpháirtíocht, na hacmhainní agus an tiomantas comhchoiteann i dtaca le sláinte ghnéasach in Éirinn a fheabhsú agus chun líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.

5. *Aistriú eolais agus taighde*
   Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas.

Shainaithin an Clár roinnt cumasóirí straitéiseacha inmheánacha chun a chinntiú go bhfuil córais tacaíochta i bhfeidhm d'fhonn an Straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil.

Cuireann na feidhmeanna go léir den Chlár (Riarachán, Maoiniú, Oideachas agus Faisnéis, Taighde agus Beartas) le forbairt agus le feidhmiú na dtionscadal a chomhlíonann na cuspóirí straitéiseacha.

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2013 leagtha amach chun léiriú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an gClár ar a chuspóirí straitéiseacha.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Feabhsuithe ar oideachas sláinte gnéasaí, ar fhaisnéis agus ar eolas ar feadh an tsaoil

Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéasach agus ar chaidreamh gnéasach a fheabhsú ach feachtais spriocdhírithe chumarsáide, cláir shaincheaptha faisnéise agus oideachais agus tionscnaimh eile ar fud raon suíomhanna a sholáthar.

Ar na príomhghníomhartha in 2013 bhí:

Measúnú ar Thionscnamh Oideachais B4uDecide.ie

In 2013, rinne an Clár an measúnú ar thionscnamh oideachais B4uDecide.ie sa timpeallacht um obair don óige a thabhairt chun críche agus chuir sé tús leis an measúnú ar an tionscnamh sa timpeallacht iar-bhunscoile. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal go dtí seo fócasghrúpaí agus agallaimh chuimsitheacha le hoibrithe óige a bhfuil clár B4uDecide.ie soláthartha acu do dhaoine óga. Tá torthaí an mheasúnaithe sa timpeallacht scoile le foilsiú go luath sa bhliain 2014.

Ábhair Acmhainní do Mhúinteoirí agus d'Oibrithe Óige faoi choinne B4uDecide.ie

In 2013, dháil an Clár breis agus 1,700 ábhar acmhainní faoi choinne B4uDecide.ie ar mhúinteoirí trí Healthpromotion.ie agus trí oiliúint ar thug an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa Roinn Oideachais agus Scileanna fúithi. Chomh maith leis sin, dháil an Clár breis agus 360 ábhar acmhainní faoi choinne B4uDecide.ie ar oibrithe óige trí Healthpromotion.ie agus trí oiliúint ar thug Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNÓÉ) fúithi.

Suíomh Gréasáin B4uDecide.ie do Dhéagóirí, do Thuismitheoirí, do Mhúinteoirí agus d'Oibrithe Óige

Tar éis thorthaí an mheasúnaithe ar thionscnamh oideachais B4uDecide.ie sa timpeallacht um obair don óige agus tar éis na dtorthaí a tháinig as suirbhé ar leith ar dhaoine óga, chuir an Clár tús le hathfhorbairt an tsuímh Ghréasáin B4uDecide.ie. Tá sé mar chuspóir príomha ag an athfhorbairt príomhábhar an tsuímh a chur in iúl agus cúis a thabhairt do dhaoine óga dul chuig an suíomh. Tugann an suíomh Gréasáin B4uDecide.ie an fhaisnéis atá ag teastáil uathu do dhaoine óga le gur féidir leo cinntí sláintiúla freagracha a dhéanamh faoi chaidreamh agus faoi ghnéas. Tugadh cuairt ar B4uDecide.ie beagnach 65,000 uair in 2013.

Acmhainn TRUST do Mhúinteoirí agus d'Oibrithe Óige

Acmhainn TRUST (Ag caint faoi Chaidreamh, ag fáil Tuisceana ar Chúrsaí Gnéasachta le haghaidh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) sa tSraith Shinsearach, ar fhorbair an Clár í i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, dáileadh í trí oiliúint na Sraithe Sinsearaí le haghaidh OCG ar sholáthair Seirbhís Tacaíochta OSPS í agus dáileadh í freisin ar eagraíochtaí óige trí oiliúint CNÓÉ. Dáileadh 294 paca Acmhainní TRUST san iomlán in 2013.

Acmhainn Oideachasúil 'Dá mba mise Jack'

In 2013, chuir Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, forbairt acmhainne oideachasúla atá le húsáid in iar-bhunscoileanna i gcrích i gcomhar le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Shláinte Phoiblí agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus fuarthas tacaíocht ó Chomhairle Taighde Eacnamaíoch agus Shóisialta na Ríochta Aontaithe. Tá an acmhainn oideachasúil seo bunaithe ar scannán/dhráma dar teideal 'Dá mba mise Jack – dearcthaí agus cinnteoireacht ag ógánaigh fir maidir le toircheas neamhphleanáilte'. Tá an acmhainn ar fáil do gach scoil i bPoblacht na hÉireann ó mhí an Mheithimh 2013. Rinne an Clár cómhaoiniú ar an acmhainn tar éis fhoilsiú an tionscadail taighde a coimisiúnaíodh faoi Dhámhachtainí Taighde an Chláir do 2007.

Acmhainní Faisnéise do Thuismitheoirí

Dáileadh raon ábhar tacaíochta ar thuismitheoirí chun cuidiú leo labhairt lena bpáistí faoi chaidreamh agus faoin ngnéas trí Healthpromotion.ie, trí sheirbhís saorthéacs an Chláir agus trí imeachtaí in 2013. Is iad seo a leanas na figiúirí a bhí i gceist, go neasach:

9,422 cóip de 'Tuismitheoirí – Leideanna maidir lena bheith ag Labhairt le Déagóirí Níos Sine'
6,055 DVD agus Leabhrán 'You Can Talk To Me'
1,332 DVD agus Leabhrán 'Busybodies'
4,047 DVD agus Leabhrán 'The Facts'.

Athbhrandáladh an forlíonadh 'Tuismitheoirí – Leideanna maidir lena bheith ag Labhairt le Déagóirí Níos Sine' mar 'Comhairle do Mhamaithe agus do Dhaidithe: Labhairt le Déagóirí faoi Chaidreamh agus faoin nGnéas ('Advice for Mams and Dads: Talking to Teenagers about

Tacú le tuismitheoirí labhairt lena leanaí faoi chaidreamh agus faoin ngnéas

Relationships & Sex') agus athdhearadh é go mall sa bhliain 2013 chun dreach agus mothú an fhorlíonta a athnuachan.

Nuálaithe Óga Sóisialta

In 2013, lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht oideachais le Clár an Nuálaí Óig agus rinne sé urraíocht agus moltóireacht ar dhámhachtain dúshláin maidir le 'Caidreamh agus Sláinte Ghnéasach'. Chuir an Clár breis agus 170 paca eolais um shláinte ghnéasach ar fáil do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige a d'fhreastail ar oiliúint inseirbhíse Chlár an Nuálaí Óig i mí Mheán Fómhair d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaíodh sa seomra ranga agus d'fhonn eolas agus oiliúint a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Bhí ionadaí ón gClár mar bhall den phainéal ag Fóram Labhairt Amach Bhaile Átha Cliath agus ag an Sárthaispeántas Bliantúil. Iontráladh 29 tionscadal sa dámhachtain dúshláin maidir le 'Caidreamh agus Sláinte Ghnéasach' agus bronnadh an dúshlán ar dhaltaí Choláiste Muire, Inis, Co. an Chláir as a dtionscadal dar teideal 'Sexication'.

D'fhreastail baill foirne ar na himeachtaí Labhairt Amach agus ar an Taispeántas Bliantúil de chuid Chlár an Nuálaí Óig i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh d'fhonn an suíomh Gréasáin B4uDecide.ie a chur chun cinn. Mar chuid den ghníomhaíocht sin, rinne baill foirne suirbhé leis na daoine óga a bhí i láthair. Cuireadh cúig cheist ar dhaoine óga. Bhain na ceisteanna sin go príomha leis an suíomh Gréasáin B4uDecide.ie agus cuireadh 262 suirbhé i gcrích sna trí lá. Baineadh úsáid as na torthaí ó na suirbhéanna sin chun eolas a dhéanamh don sainchúram le haghaidh B4uDecide.ie a athfhorbairt in 2013.

Dáileadh Faisnéise faoi Shláinte Ghnéasach

Tá réimse ábhar faisnéise agus oideachais forbartha ag an gClár atá ar fáil don phobal mór agus dóibh siúd a dhéileálann le toirchis ghéarchéime a chosc agus a bhainistiú mar chuid de ghnáthchúrsa a gcuid oibre. Is é an suíomh Gréasáin Healthpromotion.ie an príomh-mhodh cumarsáide agus dáilte le haghaidh na n-ábhar acmhainní go léir den Chlár.

In 2013, dáileadh thart ar 457,000 ábhar acmhainní de chuid an Chláir ar raon spriocphobal príomha trí Healthpromotion.ie, Healthbrochures.ie, sheirbhís SMS, Chórais Taispeána Faisnéise agus roinnt imeachtaí agus comhdhálacha, lena n-áirítear:

- Comhdháil na dTreoirchomhairleoirí Éireannacha
- Comhdháil Aontas Múinteoirí Éireann
- Comhdháil Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Comhdháil Institiúid na nObstatraithe agus na nGínéiceolaithe
- Comhdháil Chomhpháirteach Bhliantúil Chnáimhseachais na hÉireann
- Comhdháil Chlár na nAbhcóidí Óige
- Comhdháil Obair d'Ógra Éireann
- Comhdháil Iar-Bhunscoile Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
- An Chomhdháil Náisiúnta um Chúram Príomhúil
- An tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach
- Dáil na nÓg.

Cláir Oiliúna

Lean roinnt tionscnaimh oiliúna d'oibrithe óige, do thuismitheoirí agus do dhaoine óga maidir le caidreamh agus sláinte ghnéasach ar aghaidh ag fáil maoiniúcháin ón gClár in 2013.

Oiliúint ar Chaidreamh agus Shláinte Ghnéasach do Thuismitheoirí [oiliúint ag a bhfuil clúdach réigiúnach]:

- Fuair Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunscoileanna maoiniú chun oiliúint 'Tuismíocht - Tacú le do leanbh cairdeas agus caidreamh folláin a fhorbairt' a sholáthar do thuismitheoirí. D'fhreastail 630 tuismitheoir ar 15 sheisiún faisnéise agus ar 17 gclár oiliúna in 2013.
- Fuair Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann maoiniú ar mhaithe leis an gclár 'Speakeasy' a sholáthar do thuismitheoirí. Rinne 96 tuismitheoir cur

i gcrích ar an oiliúint dhian ocht seachtaine, a tosaíodh i mí na Samhna 2012 agus a críochnaíodh go mall sa bhliain 2013.

- Soláthraíodh 'REAL U' (Caidreamh a Fhiosrú agus Léargas ar an Saol) - Oiliúint d'Oibrithe Óige do 141 oibrí óige in 2013.

Ar na cláir eile a leanadh de mhaoiniú a fháil ón gClár in 2013 bhí:

- Oiliúint 'Leave it til Later' ó CNÓÉ, a thacaíonn leis an tionscnamh oideachais B4uDecide.ie de chuid an Chláir. Soláthraíodh seisiúin oiliúna 'Leave it til Later' do 83 oibrí óige in 2013.

Tionscnaimh Oiliúna do Dhaoine Óga

Maoiníonn an Clár roinnt tionscnaimh oiliúna atá dírithe go díreach ar dhaoine óga. Áirítear leo sin:

- Seirbhís Óige Bhaile Bhlainséir, Foróige, Baile Átha Cliath, chun an tionscnamh um shláinte déagóirí a chur ar fáil d'fhir óga idir 13 bliana agus 17 mbliana d'aois.
- Ionad na mBan, Leitir Ceanainn, Dún na nGall, chun clár oideachais iomlánaíoch um shláinte ghnéasach agus fhorbairt phearsanta a sholáthar do mhná óga agus d'fhir óga a mbaineann an t-eisiamh sóisialta leo.
- Here2Help (Pact roimhe seo), chun a gclár OCG a chur ar fáil i scoileanna i mBaile Átha Cliath, ar an gCabhán agus i gCill Mhantáin.
- Clár oiliúna 'Real Deal' faoi oideachas sláinte gnéasaí atá treoraithe ag piaraí dóibh siúd i gCúige Laighean agus i Maigh Eo a fhágann an scoil go luath nó a mbaineann an baol leo go bhfágfaidh siad an scoil go luath.
- An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh, le haghaidh tionscadal slógadh pobail ina bhfuil comhpháirteanna caidrimh agus oideachas sláinte gnéasaí a chur ar fáil do dhaoine óga i suíomhanna foirmiúla oideachais agus i suíomhanna neamhfhoirmiúla oideachais araon.
- Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt, Ciarraí, le haghaidh clár forbartha pearsanta 'Get Real' a chur ar fáil d'ógánaigh a d'fhág an scoil go luath nó a mbaineann an baol leo go bhfágfaidh siad an scoil go luath.

Caiféanna Sláinte Óige agus Seirbhísí Gaolmhara

In 2013, lean an Clár ar aghaidh de bheith ag cur maoiniúcháin ar fáil le haghaidh trí chaifé óige a oscailt: Caifé Sláinte Óige Zone, Baile Bhlainséir agus Baile Fiobail, Caifé Sláinte Óige Exit, Tamhlacht, agus Tionscadal Sláinte agus Faisnéise Ógánach Squashy Couch, Port Láirge. Chomh maith le spás fáilteach a chur ar fáil do dhaoine óga, tá na tionscadail seo deartha go speisialta chun teagmháil a dhéanamh le déagóirí atá i mbaol toircheas géarchéime agus chun éascú a dhéanamh ar dheiseanna le hoideachas ar chaidreamh agus ar shláinte ghnéasach a fháil. Is é an sprioc-aoisghrúpa do chaiféanna óige ná 14-19 bliain d'aois. Bhain thart ar 2,000 duine óg úsáid as na seirbhísí sin ar bhonn rialta in 2013.

Crisispregnancy.ie

Cuireann Crisispregnancy.ie faisnéis agus taighde ábhartha ar fáil i bhformáid shorochtana do raon gairmithe sláinte, oideoirí agus taighdeoirí a thugann cuairt ar an suíomh Gréasáin. Tugadh thart ar 15,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin in 2013.

Ríomh-nuachtlitir

D'eisigh an Clár cúig ríomh-nuachtlitir dá liosta síntiúsóirí a chuimsíonn breis agus 700 duine. Eisíodh iad i mí an Mhárta, i mí Lúil, i mí Mheán Fómhair, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag 2013. Is é is aidhm don ríomh-nuachtlitir síntiúsóirí a choinneáil ar an eolas faoi na tuairiscí taighde, na tionscnaimh shláinte gnéasaí, an oiliúint agus na himeachtaí a bhaineann le hábhar.

Caidreamh Poiblí

In 2013, d'eisigh an Clár roinnt preasráiteas, thug sé freagraí ar cheisteanna ó na meáin agus rinne sé agallaimh. Rinneadh an méid thuas i gcomhar le Preasoifig FSS. Chuir an Clár ailt isteach ar bhonn rialta chuig foilseacháin a bhíonn ag plé le cúrsaí sláinte, amhail iris *Health Matters FSS, Sexual Health News* FSS Theas, an *Irish Pharmacy Union Review* agus an iris *Healthy U* arna foilsiú ag *Irish Medical News.*

CUSPÓIR STRAITÉISEACH **2**

Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna

Feasacht ard ar an bhfrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna a chinntiú chun úsáid cheart chomhsheasmhach na frithghiniúna a mhéadú i measc na ngrúpaí sin atá i mbaol.

Ar na príomhghníomhartha in 2013 bhí:

Céim Úr den Fheachtas 'Think Contraception'

Sheol an Clár céim úr dá fheachtas 'Think Contraception' chun spreagadh a thabhairt d'aosaigh óga a bhíonn ag déanamh gnéis coiscíní a úsáid ar bhonn comhsheasmhach. Is go díreach a thugann an feachtas aghaidh ar an bhfrithghiniúint agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna) araon.
Díríonn an fógra ar roinnt scéalta searbha a insint faoi phleananna dea-dhéanta chun gnéas a dhéanamh nach n-éiríonn leo. Is é an teachtaireacht ná gur féidir nach dtarlóidh sé gach uair ach, nuair a tharlaíonn sé, is cabhair an coiscín (Johnny's got you covered).

De réir taighde margaidh neamhspleách, bhí 71% den spriocphobal eolach ar an bhfeachtas nua 'Johnny's got you covered' in 2013. Is é Johnny an carachtar atá le feiceáil san fheachtas agus seasann sé don tsábháilteacht agus don suaimhneas a bhaineann le coiscín a úsáid. D'fhreastail Johnny ar roinnt imeachtaí agus féilte don phobal agus do mhic léinn ar fud an tSamhraidh agus an Fhómhair. Bhí an-éileamh ar chuntas Twitter Johnny @thinkjohnny agus ar leathanach Facebook Johnny 'Johnny's got you covered' in 2013 agus chuir breis agus 30,000 duine 'is maith liom' leis an leathanach ar Facebook go dtí seo. D'amharc breis agus 200,000 duine ar an bhfógra teilifíse trí YouTube ó seoladh é i mí na Samhna 2013.

In 2013, tugadh breis agus 130,000 cuairt ar Thinkcontraception.ie agus dáileadh beagnach 125,000 leabhrán 'Think Contraception'.

Feachtas nua chun feasacht ar an ardú i gcásanna den Ghónairith a mhúscailt: OMG

Rinne Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, SpunOut.ie, an Clár agus 'Think Contraception' forbairt ar fheachtas sna meáin shóisialta chun dul i ngleic leis an ardú ar chásanna den ghónairith. Idir 2011 agus 2012, bhí méadú 33% ar chásanna den ghónairith, agus aithníodh gur grúpa ar leith atá i mbaol iad fir óga agus mná óga idir 17 mbliana d'aois agus 29 bliain d'aois.

Chabhraigh stíl dhána na dteachtaireachtaí príomha don fheachtas leis an bhfaisnéis a chur in iúl d'aosaigh óga ar bhealach a bhí greannmhar agus fíorasach ag an am céanna. I dteachtaireachtaí sna meáin shóisialta, rinneadh cur chun cinn ar ghnéas níos sábháilte, ar chosc STInna, lena n-áirítear úsáid chomhsheasmhach as coiscíní, agus ar sheirbhísí chun tástáil le haghaidh STInna agus iad a chóireáil.

Is é is aidhm don fheachtas go mbeidh teachtaireachtaí um an ngónairith a chosc ag treochtáil ar Twitter #OMGsti. D'éirigh leis an sprioc sin a bhaint amach.

Rinneadh leabhrán faisnéise a fhorbairt agus a dháileadh go forleathan freisin. Dáileadh é go príomha ar eagraíochtaí a oibríonn le daoine óga nach bhfuil rochtain éasca ar an Idirlíon acu. Bhí gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear dáileadh coiscíní saor in aisce, mar chuid den fheachtas chun a chinntiú go bhfuil na daoine sin sa bhaol is mó eolach ar conas is féidir leo tarchur STInna a chosc.

Sláinte Ghnéasach a Chur Chun Cinn i gColáistí ar Fud na Tíre

Seachtain um Chomhairle agus Threoir ar Shláinte Ghnéasach (SHAG)

Sheol Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus an Clár Seachtain SHAG (Comhairle agus Treoir ar Shláinte Ghnéasach) sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in 2013. Thacaigh an Clár leis an imeacht le hÉicea-Chabanna a raibh 'Think Contraception' brandáilte orthu. Dháil na hÉicea-Chabanna na mílte paca cosanta 'Think Contraception' (ina raibh coiscín agus faisnéis

Sheol an Clár Seachtain um Chomhairle agus Threoir ar Shláinte Ghnéasach i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus fuarthas tacaíocht ó 'Think Contraception'.

Dul i ngleic leis an ardú i gcásanna den Ghónairith in 2013.

sláinte gnéasaí) agus thug siad spreagadh do mhic léinn páirt a ghlacadh sa chluiche digiteach idirghníomhach 'Get Protected', ina gcaithfidh na himreoirí iad féin a chosaint ar STInna agus ar thoirchis neamhphleanáilte. Thug an Taispeántas Taistil cuairt ar chúig champas le linn seachtain SHAG: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Ar na nithe ba dhíol spéise do mhic léinn bhí seastáin idirghníomhacha oideachasúla a reáchtáil eagraíochtaí sláinte gnéasaí, tástálacha STI agus roghanna frithghiniúna a chur chun cinn, ceardlanna faoi shláinte ghnéasach, draíodóir sláinte gnéasaí agus agus comórtais do mhic léinn. Áiríodh leis na heagraíochtaí eile a bhí páirteach ann Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath, Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann, Cura agus Treoir.

Seachtain Oiliúna Bhliantúil Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Rinne an Clár, i gcomhpháirt le Cur Chun Cinn na Sláinte, FSS Theas, forbairt agus éascú ar oiliúint faoi 'Shláinte Ghnéasach' d'Oifigigh Leasa Mac Léinn atá ag teacht isteach le haghaidh na gcoláistí go léir atá ceangailte le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba é ab aidhm don oiliúint an t-eolas ar shláinte ghnéasach iomlánaíoch a mhéadú agus deis phraiticiúil a chur ar fáil d'Oifigigh Leasa ransú smaointe a dhéanamh chun tionscnamh sláinte gnéasaí a fhorbairt ina gcoláiste féin.

Comórtas Sheachtain na Mac Léinn Céad Bhliana - Tionscnaimh Shláinte Gnéasaí i gColáistí

I gcomhar leis an gClár, chomhordaigh Aontas na Mac Léinn in Éirinn comórtas roimh Sheachtain na Mac Léinn Céad Bhliana ina bhféadfadh coláistí na mílte coiscín a bhuachan. Iarradh ar Aontais Mhac Léinn gníomhaíocht sláinte gnéasaí a reáchtáil agus cur síos achomair ar an ngníomhaíocht, lena n-áirítear faisnéis ar an bpromóisean agus píosaí scannáin amhairc lena dtaispeántar an ghníomhaíocht, a sheoladh chuig Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus chuig an gClár. Rinne na cúig choláiste ab fhearr, ba iad sin, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus an Coláiste Ollscoile, Chorcaí, 4,000 coiscín a bhuachan lena n-úsáid sa chéad imeacht/ fheachtas/ ghníomhaíocht sláinte eile a d'eagródh siad ar an gcampas.

Gníomhaíochtaí For-rochtana 'Think Contraception'

Féilte, Ceolchoirmeacha agus Imeachtaí do Mhic Léinn le linn an tSamhraidh

Is minic a mhéadaíonn iompraíocht rioscúil le linn mhíonna an tSamhraidh. Mar thoradh air sin, is tréimhse thábhachtach í chun teachtaireachtaí a bhaineann le sláinte ghnéasach a thabhairt. Dháil an fhoireann 'Think Contraception' pacaí cosanta agus greamáin 'Think Contraception' ar aosaigh óga ag roinnt imeachtaí: Oíche Mhac Léinn Ghearbhais, Féile Lá Fhéile Pádraig, Bál an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Cat Laughs, Forbidden Fruit, Sea Sessions, KnockanStockan, Indiependence, Oxegen, Eminem, Electric Picnic agus Oktoberfest.

Is é atá i gceist le príomhghníomhaíocht an Chláir ag na himeachtaí sin ná pacaí cosanta 'Think Contraception' (faisnéis faoi choiscíní agus shláinte ghnéasach) a dháileadh ar bhonn duine le duine. Seoladh gné nua den fheachtas in 2013 ar ar tugadh an 'Johnny Mobile'. An rothar seo, a dtroitheánaíonn roinnt daoine é agus a bhfuil 'Think Contraception' brandáilte air, meallann sé an spriocphobal leis an bpríomhtheachtaireacht 'Think Contraception'. Is féidir úsáid a bhaint as freisin chun

sióba gearra timpeall limistéar na féile a chur ar fáil, rud a laghdaíonn na bearnaí iompair ag imeachtaí, agus is féidir úsáid a bhaint as freisin chun lucht freastail féilte a thógáil ó áit go háit ar an láithreán.

Chuaigh 'Think Contraception' i gcomhpháirtíocht le Entertainment.ie le haghaidh thréimhse féilte an tSamhraidh. Chuir siad teachtaireachtaí i bhfabhar gnéas níos sábháilte chun cinn trí na meáin shóisialta, trí shuíomh Gréasáin agus nuachtlitir Entertainment.ie agus trí chomórtais le haghaidh ticéad d'fhéilte.

Dáileadh thart ar 45,000 paca cosanta ar an spriocphobal le linn na ngníomhaíochtaí sin.

Feachtas na Nollag

Dháil an fhoireann 'Think Contraception' pacaí cosanta sna sráideanna i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCill Chainnigh agus ag cóisirí coláiste agus ag clubanna oíche thar thréimhse na Nollag, lena n-áirítear Copper Face Jacks, Palace Nightclub, Bál Nollag Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus Oíche Mhac Léinn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Dáileadh thart ar 17,000 paca cosanta le linn fheachtas na Nollag.

Pacaí Cosanta 'Think Contraception' a Dháileadh ar Dhaoine nach Náisiúnaigh Éireannacha iad

Thionscain an Clár comhpháirtíocht le Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath (DAA) chun pacaí cosanta 'Think Contraception' a dháileadh ar dhaoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad trí chlár for-rochtana an DAA. Rinneadh amhlaidh i lár cathrach Bhaile Átha Cliath go príomha. Dáileadh na pacaí cosanta trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí sheirbhís tar isteach an DAA, trí sheirbhís for-rochtana sráide an DAA, trí chlinic mhíosúil VEID agus STI an DAA agus ag imeachtaí eitneacha ar leith. Dáileadh níos mó ná 5,500 paca cosanta idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2013.

An bhileog eolais nua 'Contraception 35+'

Tar éis dul i gcomhairle le raon gairmithe sláinte sna réimsí um chur chun cinn na sláinte, um pleanáil



Faisnéis a chur ar fáil do mhná breacaosta

teaghlaigh agus um chúram liachleachtóirí agus máithreachais, rinne an Clár athfhorbairt ar an mbileog eolais 'Contraception 35+' go mall sa bhliain 2013. Anois, clúdaítear sa bhileog eolais raon níos leithne ábhar a bhaineann le mná atá sna tríochaidí, sna daichidí agus sna caogaidí, lena n-áirítear roghanna frithghiniúna, torthúlacht tar éis breith clainne, cothú cíche agus frithghiniúint, an tréimhse timpeall an mheanapáis agus an meanapás, toircheas, frithghiniúint éigeandála, STInna agus na háiteanna ar féidir leat dul chucu le haghaidh do riachtanais frithghiniúna nó seirbhísí STI a phlé. Rinneadh tástáil fócais ar an mbileog eolais le mná laistigh den spriocphobal agus glacadh go han-dearfach léi.

Dáileadh thart ar 8,000 bileog eolais 'Contraception 35+' in 2013 ar ospidéil mháithreachais, ar liachleachtóirí agus ar chógaiseoirí tríd an suíomh Gréasáin Healthpromotion.ie.

Modúl Ríomhfhoghlama ar STInna do Liachleachtóirí

In 2013, rinne Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

(CLÉ), le maoiniú ón gClár, seoladh ar mhodúl nua ríomhfhoghlama ar Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (STInna) a Bhainistiú i gCúram Príomhúil do liachleachtóirí. Is é cuspóir an mhodúil seo ná tacú le gairmithe cúram sláinte chun STInna a dhiagnóisiú agus a bhainistiú ar aon dul leis na treoirlínte reatha don dea-chleachtas.

Áirítear leis an modúl treoir maidir le comhthéacs na STInna in Éirinn, comhairle faoi dhul faoi stair shláinte gnéasaí, faoi na tástálacha agus na himscrúduithe cuí le haghaidh STInna agus faoi cén uair ba cheart na tástálacha sin a sheoladh agus cén áit ar cheart iad a sheoladh, mar aon le comhairle faoi STInna a bhainistiú. Ní fhéadann ach gairmithe cúram sláinte rochtain ar an modúl agus tá sé á thairiscint ar líne trí shuíomh Gréasáin Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann.

Seirbhísí Frithghiniúna

Sa bhliain 2013, lean an Clár de bheith ag obair le roinnt sainseirbhísí tacaíochta frithghiniúna agus soláthraithe faisnéise frithghiniúna. Áiríodh leo sin:

- AkiDwA, ar mhaithe le sraith ceardlann a chur ar siúl faoi shláinte ghnéasach agus atáirgthe do mhná is imircigh agus ar mhaithe leis na mná sin a chur i dteagmháil le seirbhísí áitiúla cuí – seirbhísí frithghiniúna agus seirbhísí toircheas géarchéime ina measc – ar bhealach a bhí measúil, a bhí eolach agus a bhí cuí ó thaobh cúrsaí cultúrtha de.
- Ionad Ban Leitir Ceanainn, Dún na nGall, do 'iLASH', clinic sláinte na mban.
- An tSeirbhís Sláinte Óige (SSÓ), ar mhaithe le seirbhísí pleanála teaghlaigh a chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi bhun 21 bliain d'aois.
- An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh, ar mhaithe le seirbhís buail isteach um fhaisnéis agus tacaíocht sláinte gnéasaí a chur ar fáil ó lár na bliana 2013 ar aghaidh mar chuid de mhórthionscadal um shláinte a chur chun cinn.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH **3**

Seirbhísí toircheas géarchéime

Rochtain ar sheirbhísí comhsheasmhacha comhairleoireacht toircheas géarchéime agus ar sheirbhísí iar-ghinmhillte ar ardchaighdeán a fheabhsú agus an fháil ar thacaí iarbhreithe agus teaghlaigh pobalbhunaithe a chur chun cinn.

Ar na príomhghníomhartha in 2013 bhí:

Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus Iar-Ghinmhillte

Bhí sé fós ina thosaíocht in 2013 go dtacódh an Clár le seirbhísí comhairleoireacht agus míochaine toircheas géarchéime agus iar-ghinmhillte a chur ar fáil saor in aisce. Maoiníonn an Clár raon múnlaí éagsúla um sholáthar seirbhísí ar fud roinnt suíomhanna agus láithreacha. Is gá rochtain a bheith ann ar sheirbhísí comhairleoireachta den sórt sin agus tugann an Clár maoiniú do 15 sholáthraí seirbhísí faoi láthair chun seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil i mbreis agus 50 láthair ar fud na tíre. Cuireann ocht gcinn de na seirbhísí sin scrúduithe sláinte iar-ghinmhillte ar fáil saor in aisce freisin.

Soláthraithe Seirbhísí Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus Iar-Ghinmhillte agus Soláthraithe Scrúduithe Sláinte Toircheas Géarchéime agus Iar-Ghinmhillte in 2013

Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime, Béal Átha na Sluaighe
Ionad Sláinte na mBan, Bré* CURA
Clinic Femplus, Baile Átha Cliath*
Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann*
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime, Ciarraí
Seirbhís Cúram Toircheas Life
Clinic Pleanála Teaghlaigh, Luimneach (scrúduithe sláinte iar-ghinmhillte saor in aisce amháin)
Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime Mhaigh Eo
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime, Lár Tíre*
One Family, Baile Átha Cliath
Here2Help, Baile Átha Cliath agus an Cabhán
An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh*
Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath*
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime Chorcaí Thiar
An tIonad Sláinte Óige, Corcaigh*

** Faigheann na seirbhísí seo deontais chun scrúduithe sláinte iar-ghinmhillte a chur ar fáil freisin.*

An Feachtas 'Roghanna Dearfacha'

Leagann an feachtas 'Roghanna Dearfacha' béim ar an bhfíric go mbíonn dea-chluas éisteachta ar fáil i gcónaí le linn toircheas géarchéime. Is é teachtaireacht an fheachtais ná 'go mbíonn sé cabhrach labhairt le comhairleoir'.

Sa bhliain 2013, bhí 66% den spriocphobal eolach ar an bhfeachtas 'Roghanna Dearfacha' agus ar an teachtaireacht 'go mbíonn sé cabhrach labhairt le comhairleoir'. Chuir an Clár póstaeir agus bileoga 'Roghanna Dearfacha' ar taispeáint i lialanna liachleachtóirí ar fud na tíre. Chomh maith leis sin, d'fhógair an Clár seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime saor in aisce sna heolairí réigiúnacha na Leathanaigh Órga/Truvo chun maolú a dhéanamh ar chomhairleoireacht agus/nó seirbhísí faisnéise atá mí-ionraic agus a fhéachann le tionchar a imirt ar bhean agus cinneadh á dhéanamh aici ar a toircheas.

Rinneadh thart ar 84,000 bileog 'Roghanna Dearfacha' agus níos mó ná 61,500 cárta tiachóige 'Roghanna Dearfacha' a leithdháileadh go díreach ar mhná, go príomha trí lialanna liachleachtóirí, i málaí féiríní Mhionmharatón na mBan agus i málaí féiríní Studentcents.ie do mhic léinn chéad bhliana.

Rinneadh an suíomh Gréasáin Positiveoptions.ie a athfhormáidiú chun a chinntiú go bhféadfaí teacht air le fón cliste agus go mbeadh sé inrochtana do gach duine ar mhiste leo faisnéis agus tacaíocht a fháil trí ghléasanna soghluaiste. Tugadh níos mó ná 100,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin agus fuarthas thart ar 5,000 teachtaireacht téacs inar iarradh faisnéis faoi chomhairleoireacht toircheas géarchéime in 2013.

An Feachtas 'Iarchúram Ginmhillte'

Fógraíonn an feachtas 'Iarchúram Ginmhillte' na seirbhísí míochaine agus comhairleoireacht iar-ghinmhillte atá ar fáil saor in aisce do mhná in Éirinn. Ba tríd an tseirbhís

saorthéacs a fuarthas thart ar 200 teachtaireacht téacs inar iarradh faisnéis faoi sheirbhísí iar-ghinmhillte. Chomh maith leis sin, tugadh tuairim is 9,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin Abortioncare.ie in 2013. Dháil an Clár thart ar 2,700 bileog 'Iarchúram Ginmhillte'trí Healthpromotion.ie

Maoirseacht agus Oiliúint (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD))

Lean an Clár de bheith ag tacú le seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime a chur ar fáil ar bhonn duine le duine. Ba trí mhaoirseacht agus oiliúint leanúnach a thacaigh an Clár freisin le seirbhísí tuilleadh scileanna a ghnóthú agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí. Oibríonn an Clár leis na soláthraithe seirbhísí uile ar mhaithe leis an gcáilíocht seirbhíse is airde a choinneáil ar bun. Léirítear é sin trí mhaoiniúchán a chuirtear ar fáil go díreach do sholáthraithe seirbhísí chun cabhrú leo tabhairt faoi oiliúint leanúnach agus faoi Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus chun maoirseacht (inmheánach agus sheachtrach) a dhéanamh orthu siúd a chuireann comhairleoireacht toircheas géarchéime agus seirbhísí gaolmhara ar fáil.

Cúrsa Teastais i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime

Is í an Roinn um Oideachas Aosach agus Pobail, OÉ, Má Nuad, a reáchtálann an Teastas i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime. Faigheann an Teastas maoiniú ón gClár. Rinne 16 dhuine, idir bhaill foirne FSS agus chomhairleoirí toircheas géarchéime, an cúrsa bliana scileannabhunaithe a chur i gcrích. Is é aidhm an chúrsa tacú le daoine a oibríonn leo siúd a bhfuil toircheas géarchéime acu a gcuid scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta sa réimse comhairleoireachta ar leith seo a fheabhsú arís eile agus caighdeáin dea-chleachtais a leagan síos sa réimse. Éascaíonn struchtúr an chúrsa líonrú agus comhroinnt foghlama, rud a chuireann le caighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn gach ceann de na heagraíochtaí sa réimse seo. Cuireadh tús le cúrsa nua i mí Dheireadh Fómhair 2013 don bhliain acadúil 2013 – 2014.



Scileanna comhairleoirí toircheas géarchéime a fhorbairt

Máistir-ranganna chun Tacú le Toircheas Neamhphleanáilte

Is é aidhm na máistir-ranganna deis a thabhairt do ghairmithe eolas agus scileanna níos doimhne a ghnóthú d'fhonn cur ar a gcumas déileáil leis na dúshláin a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do mhná, dá bpáirtnéirí agus dá dteaghlaigh i gcás toircheas neamhphleanáilte. Is i spás faisnéiseach tacúil a chuirtear na máistir-ranganna ar siúl, áit a n-éascaítear comhrá agus machnamh ar mhaithe le hobair na ngairmithe a neartú i réimse leathan an toirchis ghéarchéime. Bhain tábhacht ar leith leis na máistir-ranganna sin do ghairmithe sláinte, do liachleachtóirí, do mhúinteoirí, d'oibrithe óige agus do dhaoine eile a bhíonn ag bualadh le daoine ina gcuid oibre atá nó a bhí ag plé le toircheas neamhphleanáilte. Cuireann na máistir-ranganna tuilleadh le hobair an Chláir maidir le cáilíocht agus caighdeáin a fhorbairt sa réimse leathan a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do chliaint atá ag plé le toircheas géarchéime.

Clúdaítear na hábhair seo a leanas sna máistir-ranganna:

Máistir-rang 1: An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime (a chuirtear ar siúl i Maigh Nuad agus i gCorcaigh)

Máistir-rang 2: Ardscileanna Comhairleoireachta (a chuirtear ar siúl i Maigh Nuad agus i gCorcaigh)
Máistir-rang 3: Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta (le cur ar siúl in 2014)
Máistir-rang 4: Eitic agus Maoirseacht (le cur ar siúl in 2014)

Gairmithe sláinte a bhí i mbreis agus ceithre scór de na daoine a d'fhreastail ar na máistir-ranganna sin in 2013. Cuirfear tuilleadh máistir-ranganna ar siúl in 2014, iad ag díriú ar réimsí atá ábhartha do ghairmithe sláinte a oibríonn sa réimse seo.

Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime – Treoir Chleachtaidh

Sa bhliain 2013, nuashonraigh an Clár an treoir chleachtaidh a úsáideann daoine a oibríonn i seirbhísí maoinithe comhairleoireacht toircheas géarchéime. Agus í ag gabháil leis an teastas i gcomhairleoireacht toircheas géarchéime, déantar an treoir chleachtaidh a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta chun freagairt do shaincheisteanna a thagann chun cinn sa réimse seo. Fuair an treoir chleachtaidh nuashonraithe seo, agus an oiliúint a ghabhann léi, torthaí dearfacha sa mheasúnú seachtrach a rinneadh orthu agus beidh siad ina n-acmhainn dea-chleachtais do sheirbhísí ar fud na tíre.

Tacaí Iarbhreithe agus Teaghlaigh Pobalbhunaithe

Lean an Clár de bheith ag tacú le raon tionscadal agus seirbhísí eile atá nasctha leis an gcuspóir straitéiseach a bhaineann le fáil a bheith ar thacaí iarbhreithe agus teaghlaigh pobalbhunaithe a chur chun cinn:

Seirbhísí Faisnéise agus Oiliúna do Thuismitheoirí

Lean an Clár le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí náisiúnta faisnéise One Family agus Threoir do theaghlaigh aontuismitheora agus do thuismitheoirí neamhphósta. Dhéileáil na seirbhísí sin le breis agus 3,200 glao a cuireadh ar a línte faisnéise in 2013, mar aon le tacaí faisnéise for-rochtana a chur ar fáil ar bhonn duine le duine. Thuairiscigh an dá sheirbhís méadú ar líon na gcliant a chuir ceisteanna a bhain le cruachás airgeadais. Tugann an Clár tacaíocht freisin don tSeirbhís Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh atá á reáchtáil ag One Family, rud a sholáthraíonn cláir oiliúna agus mheantóireachta, i measc seirbhísí eile, do thuismitheoirí.



Oideachas a chur ar ghairmithe sláinte agus eolas a thabhairt dóibh

Tacaí Praiticiúla Eile a Thugtar do Thuismitheoirí ar Bhonn Duine le Duine

Lean an Clár ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do sheirbhís náisiúnta tacaíochta CURA le haghaidh máithreacha agus aithreacha nua. Tugann an tseirbhís leantach seo tacaíocht phearsanta agus mhothúchánach do thuismitheoirí nua, chomh maith le cabhair agus faisnéis phraiticiúil. Tá an tseirbhís ar fáil do sheantuismitheoirí agus do chaomhnóirí freisin.

Acmhainní Faisnéise

Mhaoinigh an Clár forbairt agus nuashonrú roinnt acmhainní in 2013, lenar áiríodh 'Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta' ó Threoir. 'Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta' Fuair Treoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí, maoiniúchán ar mhaithe le nuashonrú a dhéanamh ar an 'Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta',

rud a scaiptear ar ghairmithe cúram sláinte agus ar thuismitheoirí neamhphósta. Tugtar faisnéis úsáideach sa Phaca faoi na ceisteanna atá is tábhachtaí don spriocphobal, amhail na cearta atá ag tuismitheoirí atá in aontíos agus na dualgais atá orthu agus faisnéis faoi chaomhnóireacht, faoi rochtain agus faoi chomhthuismitheoireacht. Tugtar faisnéis thábhachtach ann freisin do thuismitheoirí neamhphósta faoi cheisteanna eile dlí agus airgeadais, agus tá rannáin ann a bhaineann le deiseanna oideachais agus oiliúna. Tá rannán 'Teagmhálaithe Úsáideacha' ar áireamh sa Phaca chomh maith, rud atá deartha do dhaoine agus do ghairmithe sláinte a bhféadfadh tacaíocht agus faisnéis bhreise a bheith ag teastáil uathu.

Seirbhísí Leanúnacha a Thacaíonn le Leanúint ar aghaidh le Toircheas

Mar aon leis na seirbhísí samplacha atá leagtha amach, lean an Clár ar aghaidh le raon leathan tionscadal a mhaoiniú, tionscadail a chuireann tacaíocht, oiliúint agus faisnéis ar fáil do thuismitheoirí le haghaidh clainne agus do thuismitheoirí nua ar fud na tíre. Ar na tionscadail sin bhí:

- Clár City Slickers, Luimneach – Grúpa tacaíochta tuismitheoireachta do thuismitheoirí óga a chónaíonn i gCathair Luimnigh nó sa cheantar máguaird agus atá eisiata go sóisialta nó atá i mbaol eisiamh sóisialta, agus é ag díriú orthu siúd atá i mbaol dara toircheas géarchéime nó toircheas géarchéime eile. Is í Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh a sholáthraíonn an Clár i gcomhar leis an gClár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga, Luimneach.
- 'Tús Áite do Thuismitheoirí' – Clár oideachais tuismitheoireachta do thuismitheoirí céaduaire agus do thuismitheoirí a bhraitheann nach mbíonn go leor tacaíochta á tabhairt dóibh mar gheall ar mhíbhuntáiste geografach nó sóisialta. Reáchtáiltear obair ghrúpa, ceardlanna agus seisiúin faisnéise agus tacaíochta duine le duine. Is trí Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt a sholáthraítear an clár do thuismitheoirí i gContae Chiarraí.
- Comhordaitheoir do Mhic Léinn is Tuismitheoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, a thugann faisnéis agus tacaíocht do mhic léinn is tuismitheoirí/tuismitheoirí le haghaidh clainne.
- Seirbhís ghearrthéarmach comhairleoireachta agus altramais do mháithreacha atá ag smaoineamh ar leanbh a thabhairt suas chun uchtála. Is é Cúnamh, Baile Átha Cliath, a sholáthraíonn an tseirbhís.
- Tacaí sláinte gnéasaí agus tuismitheoireachta do mháithreacha lena mbaineann ardriosca agus a úsáideann seirbhísí cóiríocht faoi thacaíocht a bhíonn á soláthar ag Ionad Bessborough, Corcaigh.
- Raon acmhainní úsáideacha agus taighde gaolmhar ó Threoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí.

Royal College of Physicians of Ireland

NATIONAL SEXUAL HEALTH AWARENESS WEEK

12-14 NOV 2013

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

Comhoibriú straitéiseach agus tionchar ar bheartais

Forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhaontas straitéiseach a chothú chun an rannpháirtíocht, na hacmhainní agus an tiomantas comhchoiteann i dtaca le sláinte ghnéasach in Éirinn a fheabhsú agus chun líon na dtoircheas géarchéime a laghdú.

Ar na príomhghníomhartha in 2013 bhí:

Forbairt na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2014–2020

Sa bhliain 2013, d'imir an Clár ról ríthábhachtach maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2014–2020 a fhorbairt. Agus é á bhainistiú ag an Roinn Sláinte, leagtar amach sa phlean straitéiseach nua beartas an Rialtais agus soláthraítear ann treoir straitéiseach do shláinte ghnéasach in Éirinn thar thréimhse seacht mbliana. Agus an cháipéis á cur le chéile, baineadh leas as an saineolas atá ag an gClár orthu seo a leanas: seirbhís comhairleoireacht toircheas géarchéime a sholáthar agus a mhaoiniú, caidreamh agus oideachas agus faisnéis sláinte gnéasaí, agus taighde a choimisiúnú agus eolas a aistriú. Ghlac foireann an Chláir páirt i dtrí ghrúpa oibre ildisciplíneacha agus i ngrúpa scríbhneoireachta a bunaíodh chun tacú leis an bpróiseas.

Beidh freagracht ar an gClár Toircheas Géarchéime as cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha faoin straitéis náisiúnta um shláinte ghnéasach a thagann faoi shainchúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Déanfaidh an Rannóg Sláinte agus Folláine in FSS maoirseacht ar chur chun feidhme na ngníomhartha sin. Chomh maith leis sin, tacóimid le gníomhaireachtaí eile a gcuid gníomhartha a chur i gcrích de réir mar is cuí. Tá an Clár ag súil le forbairt a dhéanamh ar an dea-chaidreamh oibre agus ar na dea-chomhghuaillíochtaí oibre a cothaíodh le linn an phróisis forbartha straitéisí.

An tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach

Fóram náisiúnta a dhíríonn ar shláinte ghnéasach in Éirinn is ea an tSeachtain Feasachta ar Shláinte Ghnéasach, rud atá á eagrú ag Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann agus atá á pháirtmhaoiniú ag an gClár. Cuireadh roinnt imeachtaí éagsúla a bhain le sláinte ghnéasach ar siúl le linn an imeachta seachtaine i mí na Samhna 2013, lenar áiríodh taighde ábhartha a sheoladh, ceardlanna, cruinnithe poiblí agus imeacht do dhaoine óga ar ghlac daltaí idirbhliana páirt ann. Ba é 'Cumarsáid agus Sláinte Ghnéasach' téama na Seachtaine Feasachta ar Shláinte Ghnéasach in 2013. Labhair cainteoirí ag an tSeachtain Feasachta ar conas labhairt ar bhealach dearfach éifeachtach faoi chaidreamh agus faoi ghnéasacht le leanaí, le páirtnéirí, le daoine scothaosta, le cúramóirí agus le daoine faoi mhíchumas intleachta, sa bhaile agus i suíomh gairmiúil araon.

Líonra na nOifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí

Ba in 2012 a bunaíodh Líonra na nOifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí d'fhonn comhordú gníomhaíochtaí sláinte gnéasaí in FSS a áirithiú. Sa bhliain 2013, comhaontaíodh próiseas foirmiúil le Bainisteoirí um Chur Chun Cinn na Sláinte, le hOifigigh um Chur Chun Cinn na Sláinte agus leis an gClár d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí chomh luath agus a fhoilseofar an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach.

Tionóladh trí chruinniú de chuid an Líonra in 2013 agus díríodh go príomha ar na hábhair seo a leanas lena linn:

1. An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2014–2020
2. Gearrchúrsa beartaithe nua le haghaidh Oideachas Sóisialta,

Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa tSraith Shóisearach

3. Oiliúint chaighdeánaithe i gcur chun cinn na sláinte gnéasaí a chur i bhfeidhm i ngach limistéar de chuid FSS

Aighneacht i leith an Chreata Nua do Dhaltaí na Sraithe Sóisearaí

D'oibrigh an Clár i gcomhpháirt le hoifigí eile in FSS, amhail Cosaint na Sláinte, Cuimsiú Sóisialta, an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc agus Cur Chun Cinn na Sláinte, d'fhonn Páipéar Seasaimh a fhorbairt don Chreat Nua don tSraith Shóisearach agus don athrú sa stádas atá ag OSPS agus ag Corpoideachas. Cuireadh an páipéar sin faoi bhráid na Roinne Sláinte agus na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Comhoibriú Straitéiseach – Comhpháirtithe in 2013

Réimse oibre	Comhpháirtithe agus Tionscadail
Oideachas agus Faisnéis	An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) – Le linn oiliúint inseirbhíse, lean Seirbhís Tacaíochta OSPS na Roinne Oideachais agus Scileanna ar aghaidh le hábhair Acmhainní B4UDecide.ie agus TRUST a chur chun cinn agus a scaipeadh i measc mhúinteoirí dhaltaí na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí. Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (CNÓÉ) – Lean CNÓÉ ar aghaidh leis an tionscnamh oideachais B4uDecide.ie a chur chun cinn i suíomhanna obair óige. Oifigigh FSS um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí – Lean Líonra na nOifigeach um Chur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí agus an Clár ar aghaidh le comhordú gníomhaíochtaí sláinte gnéasaí in FSS a áirithiú An tAonad Náisiúnta Cumarsáide (ANC) in FSS – D'oibrigh an Clár i ndlúthchomhar le ANC chun na feachtais seo a leanas a bhainistiú – 'Think Contraception', 'Roghanna Dearfacha', Iarchúram Ginmhillte agus B4uDecide.ie Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) – Lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht le AMLÉ i ndáil le príomhthionscadail, ba iad sin: An tSeachtain um Chomhairle agus Treoir maidir le Sláinte Ghnéasach, oiliúint bhliantúil d'Oifigigh Leasa agus tionscnamh sláinte gnéasaí le linn Sheachtain na Mac Léinn Céad Bhliana Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath – Chuir an Clár comhpháirtíocht ar bun le Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath chun pacaí cosanta 'Think Contraception' a dháileadh ar dhaoine nach náisiúnaigh na hÉireann iad trí chlár for-rochtana an Chomhaontais. Ba go príomha i lár cathrach Bhaile Átha Cliath a tugadh faoin obair sin
Tacaíocht agus Forbairt Seirbhísí	Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (CLÉ) – Chuaigh an Clár i gcomhpháirt le CLÉ chun modúl nua ríomhfhoghlama a fhorbairt do liachleachtóirí maidir le hIonfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (STInna) a Bhainistiú i gCúram Príomhúil OÉ Má Nuad – Lean an Clár de bheith ag comhoibriú le OÉ Má Nuad ar an Teastas i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus ar shraith Máistir-ranganna chun Tacú le Toircheas Neamhphleanáilte
Taighde agus Beartas	Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS (dá ngairtear TUSLA anois) – Lean an Clár de bheith ag dul i gcomhpháirt le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS (dá ngairtear TUSLA anois) chun bainistiú a dhéanamh ar an gclár taighde um Measúnú ar Riachtanais Sláinte Gnéasaí na nDaoine Óga faoi Chúram Comhairle Taighde na hÉireann (CTÉ) – D'oibrigh an Clár i gcomhar le CTÉ chun Comhdhámhachtain Taighde 2013 a chur ar bun

CUSPÓIR STRAITÉISEACH **5**

Aistriú Eolais agus Taighde

Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas.

Ar na príomhghníomhartha in 2013 bhí:

Sa bhliain 2013, lean an Clár de bheith ag cur lena bhonn fianaise trí mhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthar tionscadal coimisiúnaithe taighde; trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a chabhraíonn le taighde a chur i ngníomh; agus trí thacaíocht agus chomhairle thaighdebhunaithe a thabhairt do na feidhmeanna eile laistigh den Chlár agus laistigh den mhór-Rannóg Sláinte agus Folláine.

Ról lárnach de chuid an Chláir is ea monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí iompraíochta a bhaineann lena sainordú, agus leas á bhaint as raon uirlisí agus táscairí tomhais. Sa bhliain 2013, tháinig laghdú den dara bliain déag as a chéile ar líon na mban a thaistil go dtí an Ríocht Aontaithe chun ginmhilleadh a fháil. Ó 2001 i leith (an bhliain inar bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime), tá laghdú tagtha - ó 6,673 bean go 3,679 bean in 2013 - ar líon na mban a thug seoladh in Éirinn i gclinicí ginmhillte sa Ríocht Aontaithe. Tá an ráta in aghaidh an mhíle bean tar éis titim ó 7.5 bean in 2001 go 3.8 bean in 2013.

Tá laghdú tagtha freisin ar an ráta breitheanna i measc máithreacha sna déaga in Éirinn, ó 12 bhean in aghaidh an mhíle in 2012 go deichniúr ban in aghaidh an mhíle in 2013. Tá laghdú 55% tagtha ar líon na mbreitheanna i measc déagóirí ó 2001 i leith. Tá laghdú 66% tagtha ar líon na ndéagóirí a chuaigh thar lear chun ginmhilleadh a fháil sa tréimhse chéanna.

Rátaí ginmhillte i measc ban in Éirinn de réir aoise (2001–2013)



Cuimsítear figiúirí don Ríocht Aontaithe agus do Thuaisceart Éireann sna Rátaí don tréimhse 2005 - 2010.
Is leis an Ríocht Aontaithe amháin a bhaineann na rátaí don tréimhse 2001 - 2004 agus don tréimhse 2011 - 2013.
* bunaithe ar líon iomlán na mban atá 15-44 bliain d'aois
** bunaithe ar líon iomlán na mban atá 15–19 bliain d'aois
*** bunaithe ar líon iomlán na mban atá 35–44 bliain d'aois

An ráta breithe do mhná faoi bhun 20 bliain d'aois (2001–2013)



Cur leis an mBonn Fianaise

Tá ról ag an gClár maidir le coimisiúnú agus le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail taighde ar ardchaighdeán a bhaineann go díreach le sainordú an Chláir. Sa bhliain 2013, d'oibrigh an Clár i gcomhar le foirne taighde acadúil agus le comhpháirtithe gaolmhara sna tionscadail seo a leanas.

An Clár Taighde um Measúnú ar Riachtanais Sláinte Gnéasaí na nDaoine Óga faoi Chúram

Lean an Clár ar aghaidh le treoir a thabhairt don chlár taighde um measúnú ar riachtanais sláinte gnéasaí na ndaoine óga faoi chúram agus le maoirseacht a dhéanamh air. Ba in 2011 a coimisiúnaíodh an taighde sin i gcomhpháirt le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS (dá ngairtear TUSLA anois). Tá an taighde á dhéanamh ag foireann taighdeoirí faoi stiúir an Ollaimh Abbey Hyde, an Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, UCD. Mar gheall ar líon agus ar shaibhreas na sonraí a bailíodh ó raon páirtithe leasmhara éagsúla, chinn Grúpa Stiúrtha an Chláir in 2013 go mbeadh sé chun sárleasa an tionscadail an tréimhse anailíse a shíneadh. Sa bhliain 2013, rinne an Clár agus an Grúpa Stiúrtha athbhreithniú ar cheithre cinn de na sé thuarascáil agus tugadh aiseolas don fhoireann taighde ina dhiaidh sin. Tá an clár taighde sin ar an gcéad cheann dá chineál sa tír seo agus ar domhan. Bainfear leas as aschur an chláir chun sraith moltaí inghníomhaithe a fhorbairt d'fhonn tacú le riachtanais daoine óga atá faoi chúram altrama agus faoi chúram cónaithe. Tá sé beartaithe an taighde a sheoladh sa cheathrú ráithe de 2014.

Iniúchadh a Dhéanamh ar na Tosca a Choisceann agus a Chumasaíonn Cumarsáid faoi Chaidreamh, faoi Ghnéasacht agus faoi Fhás Aníos idir Tuismitheoirí agus Leanaí Iar-Bhunscoile atá 4-9 Bliain d'Aois

Choimisiúnaigh an Clár taighde a bhí dírithe ar iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a choisceann agus a chumasaíonn cumarsáid faoi chaidreamh, faoi ghnéasacht agus faoi fhás aníos idir tuismitheoirí agus leanaí iar-bhunscoile atá 4-9 bliain d'aois. Is iad an Dr Catherine Conlon agus an tOllamh Virpi Timonen ó Scoil na hOibre Sóisialta agus an Bheartais Shóisialta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a thionscnóidh an taighde in 2014. Tabharfaidh an t-aschur ón tionscadal eolas don Chlár agus dá chomhpháirtithe faoin dóigh is fearr chun tacú le tuismitheoirí arís eile oideachas caidrimh agus gnéasachta a sholáthar sa bhaile.

An seimineár "Gnéas in Éirinn" i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Eanáir 2013.

Comhdhámhachtainí Taighde le Comhairle Taighde na hÉireann (CTÉ)

Tá an Clár ag obair i gcomhar le CTÉ ó 2011 chun taighde a bhaineann le sainordú an chláir a choimisiúnú. Sa bhliain 2013, chuir an Clár le roinnt gníomhartha de bhun an chomhair sin:

- Chuir sé Comhdhámhachtain Taighde 2013 ar bun le CTÉ. Bronnadh í ar an Dr Gerard Molloy, Scoil na Síceolaíochta, OÉ, Gaillimh. Is é an aidhm atá ag an Dr Molloy agus ag foireann taighdeoirí ó OÉ Gaillimh agus ó Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ) ná scrúdú a dhéanamh ar na 'tosca a chuireann bac agus a dhéanann éascú ar chloí agus ar ghlacadh le frithghiniúnaigh in-aisiompaithe hormónacha agus fhadtéarmacha'. Tá sé beartaithe ag an bhfoireann anailís thánaisteach a dhéanamh ar thacar sonraí an Staidéir ar Fhrithghiniúint agus Toircheas Géarchéime in Éirinn (FTGÉ-2010) agus sonraí cáilíochtúla nua a bhailiú trí agallaimh le liachleachtóirí, le cógaiseoirí agus le húsáideoirí frithghiniúnach.
- Chuaigh sé i dteagmháil le foireann taighdeoirí ón Ionad Taighde um Chur Chun Cinn na Sláinte, OÉ Gaillimh, a bhí faoi stiúir ag an Dr Saoirse Nic Gabhainn, ar ar bronnadh an Chomhdhámhachtain Taighde in 2012 chun anailís thánaisteach a dhéanamh ar shonraí an taighde um Iompar Sláinte i measc Leanaí atá ar Aois Scoile (ISLAS), agus béim ar leith á cur ar na míreanna sláinte gnéasaí. Bhí ról ag an gClár maidir le hathbhreithniú a dhéanamh, agus maidir le haiseolas a chur ar fáil, ar aiseolas ar an dréacht-tuarascáil agus ar an treoircheistneoir inar féachadh ar mhíreanna nua sláinte gnéasaí. D'éascaigh sé freisin athbhreithniú piaraí ar an samhaltú staitistiúil a úsáideadh.
- Thacaigh sé le forbairt a dhéanamh ar shainchúram beartais a fuair eolas ó dhámhachtain CTÉ do 2011, rud a bronnadh ar Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn mar thoradh ar an anailís thánaisteach a rinne sé ar shonraí an Staidéir ar Fhrithghiniúint agus Toircheas Géarchéime in Éirinn 2010. Chuir an Clár le seimineár taighde dar teideal 'Gnéas in Éirinn' i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn chun torthaí na hanailíse a sheoladh. Ghlac an Clár páirt sa seimineár sin freisin.

Taighde ar an nGaol idir Murtall; Úsáid Frithghiniúnach agus Éifeachtúlacht Frithghiniúnach; Toircheas Neamhbheartaithe agus Anchuma ó Bhroinn.

Sa bhliain 2012, chuir an Clár maoiniúchán ar fáil don Ionad um Atáirgeadh Daonna, UCD, chun taighde a dhéanamh ar shonraí suíomh máithreachais, agus é ag féachaint ar an ngaol idir murtall; úsáid frithghiniúnach agus éifeachtúlacht frithghiniúnach; toircheas neamhbheartaithe agus anchuma ó bhroinn. Sa bhliain 2013, lean an Clár ar aghaidh le dul i dteagmháil leis an Ollamh Michael Turner, Príomhthaighdeoir, chun an staidéar a chur ar aghaidh.

Taighde a chur i nGníomh

Straitéis um Aistriú Eolais a fhorbairt do Thaighde ar Na Dearcaí atá ag Mná nach Náisiúnaigh na hÉireann iad ar Sheirbhísí Torthúlachta, Máithreachais agus Sláinte Gnéasaí in Éirinn Sa bhliain 2013, d'oibrigh an Clár leis an Dr Catherine Conlon, a scríobh an staidéar Na Dearcaí atá ag Mná nach Náisiúnaigh na hÉireann iad ar Sheirbhísí Torthúlachta, Máithreachais agus Sláinte Gnéasaí in Éirinn, rud a foilsíodh in 2012. Ba é aidhm na hoibre sin straitéis um aistriú eolais a fhorbairt chun a chinntiú

go mbíonn torthaí an staidéir á gcur in iúl ar bhealach éifeachtach do na páirtithe leasmhara cuí. Áiríodh leis an obair sin achoimre taighde a chur le chéile i bhformáid atá éasca le léamh; spriocphobail a shainaithint ar mhaithe le ceardlanna a dhíriú orthu, lena n-áirítear gairmithe cúram sláinte agus iad siúd a oibríonn i suíomhanna pobail agus máithreachais agus laistigh de ghrúpaí pobal inimirceach; agus ailt a fhoilsiú i bhfoilseacháin chuí. Táthar ag leanúint leis an obair sin in 2014.

Treoir agus Tacaíocht Taighde

Ról ríthábhachtach ó thaobh taighde agus beartais de is ea tacaíocht leanúnach a thabhairt d'fheidhmeanna eile an Chláir maidir le comhairle a thabhairt ar fhianaise taighde agus maidir le staidéir éagsúla a choimisiúnú.

Cáipéis Fhianaisebhunaithe Scóipe ar Chreat Dearbhú Cáilíochta a Fhorbairt

Chuir an Clár cáipéis fhianaisebhunaithe scóipe le chéile, rud ina leagtar síos na cineálacha cur chuige is fearr i leith Creat Dearbhú Cáilíochta a fhorbairt lena úsáid ag seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime.

Anailís ar Fhaisnéis maidir le Cóiríocht faoi Thacaíocht

Rinneadh anailís ar ardchaighdeán in 2013 ar shonraí a bailíodh maidir le seirbhísí cóiríochta faoi thacaíocht. Ba é cuspóir na hanailíse sin próifíl a chur ar fáil orthu siúd a fhreastalaíonn ar sheirbhísí cóiríochta faoi thacaíocht agus eolas a thabhairt do threochtaí in úsáid na seirbhísí sin le himeacht ama.

Ollsuirbhéanna a Choimisiúnú agus a Bhainistiú

Is ar mhaithe le heolas a thabhairt do chaiteachas cumarsáide a dhéantar sonraí ó ollsuirbhéanna a bhailiú gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhíonn na feachtais a eagraítear.

Treoir agus Tacaíocht Taighde don Rannóg Sláinte agus Folláine

Measúnú ar an mBonnchlár i gCur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí

Bhí an Clár ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha a bunaíodh chun coimisiúnú agus measúnú a dhéanamh ar an mBonnchlár i gCur Chun Cinn na Sláinte Gnéasaí atá á reáchtáil ag FSS Theas.

Naisc le Faisnéis Sláinte (Health Intelligence)

Sa bhliain 2013, chuir an Clár naisc ar bun le Faisnéis Sláinte in FSS d'fhonn cur chuige straitéiseach i leith bainistiú eolais a fhorbairt don Rannóg Sláinte agus Folláine agus d'fhonn tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir le bainistiú eolais agus maidir le coimisiúnú taighde. Ghlac an Clár páirt i raon grúpaí taighde agus faisnéise a bhaineann le Sláinte agus Folláine.

Tacú le Cuspóirí Straitéiseacha an Chláir

Tá roinnt cumasóirí inmheánacha straitéiseacha aitheanta ag an gClár chun a chinntiú go bhfuil córais tacaíochta i bhfeidhm chun an Straitéis a bhaint amach go rathúil. Is iad seo a leanas na príomhchumasóirí a bheidh ag teastáil chun uaillmhianta agus aidhm phlean straitéiseach an Chláir a bhaint amach. Tabhair faoi deara nach bhfuil siad leagtha amach in aon ord ar leith:

- Maoiniúchán Cuí
- Foireann CPP agus Acmhainní Inmheánacha
- Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Táirgiúla
- Fáil ar Bhonn Marthanach Fianaise in Éirinn
- Cumarsáid agus Scaipeadh Éifeachtach.

Chuir an Clár roinnt tionscadal tábhachtach i gcrích faoi gach réimse agus rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana.

Maoiniúchán Cuí

Faoi mar a tharla i gcás gach cláir eile de chuid FSS, rinneadh roinnt leasuithe ar bhuiséad an Chláir le blianta beaga anuas.

Le linn na bliana, chinntigh an Clár gur bhainistigh sé a chaiteachas de réir na gcóras airgeadais a bhí i bhfeidhm in FSS agus gur thug sé tuairisc chruinn do na feidhmeanna airgeadais cuí in FSS. Rinne an Clár Plean Gnó bliantúil a chur le chéile i gcomhairle le bainisteoirí líne, rud ina leagtar síos sraith cuspóirí sonraithe agus príomhtháscairí feidhmíochta a d'eascair as an Straitéis. Is ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus ó thaobh soláthar tionscadail de araon a thuairiscíonn an Clár an dul chun cinn atá déanta ar an bPlean Gnó. Tuairiscítear an méid sin le linn na bliana agus arís ag deireadh na bliana. Déanann an Clár cleachtais mheasúnaithe a chur chun feidhme agus a mhonatóiriú go leanúnach ar fud gach réimse oibre. Chomh maith leis sin, leanann sé ar aghaidh le príomhtháscairí agus le staitisticí a mhonatóiriú ó thaobh leitheadúlacht toircheas géarchéime agus ginmhillte de.

Chinntigh an Clár freisin go raibh a chleachtais mhaoiniúcháin ag teacht le Creat Rialachais FSS um Sheirbhísí Neamhreachtúla a Mhaoiniú. Rinneadh amhlaidh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe deontais i gcabhair agus ar na socruithe seirbhísí a bhí ag an gClár agus trí athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar mheasúnuithe a chuir soláthraithe seirbhísí isteach de réir théarmaí a gcuid comhaontuithe. Mar chuid den fhorbairt atá á déanamh faoi láthair ar phróisis agus ar nósanna imeachta maoiniúcháin an Chláir, chuir an Clár feabhsuithe cáilíochta chun feidhme bunaithe ar na torthaí ó cheistneoirí faoi rialachas féinmheasúnaithe. Déantar na ceistneoirí sin a scaipeadh gach bliain ar gach soláthraí seirbhísí atá ag fáil cúnamh deontais ón gClár atá níos mó ná an tairseach riachtanach agus is gá do na soláthraithe iad a chomhlánú agus a athbhreithniú ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, lean an Clár ar aghaidh le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar an dóigh ar úsáideadh maoiniúchán a cuireadh ar fáil tríd an gclár maoiniúcháin. Tá comhaontuithe deontais i bhfeidhm ag an gClár le breis agus 30 eagraíocht. Déantar ceanglais mhionsonraithe tuairiscithe a leagan síos i ngach comhaontú, lena n-áirítear tuairisciú airgeadais, staitistiúil agus cáilíochtúil atá bunaithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus ar spriocanna comhaontaithe seirbhísí. Is ar bhonn ráithiúil a dhéantar monatóireacht ar an aschur.

Faigheann an Clár maoiniúchán ón Rialtas trí FSS agus féachann sé i gcónaí lena chinntiú go mbíonn sé cuntasach as a chuid maoiniúcháin agus go dtugann sé luach ar airgead dá chuid páirtithe leasmhara. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, chuir an Clár buiséid shonraithe le chéile d'fhonn cur ar a chumas monatóireacht chúramach a dhéanamh ar a chuid caiteachais le linn na bliana. Chomh

maith leis sin, chuir an clár tuarascálacha rialta airgeadais le chéile, idir thuarascálacha inmheánacha agus thuarascálacha a bhí deartha do bhaill foirne chuí i rannóg airgeadais FSS. Lean an Clár ar aghaidh le bainistiú rathúil a dhéanamh ar a chuid conarthaí tráchtála, trí athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar fheidhmíocht agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an luach ar airgead a bhaintear as na conarthaí sin. Féachann an Clár lena chinntiú go mbíonn a phróisis soláthair ag teacht le próisis soláthair FSS agus le haon réimsí a aimsiú inar féidir éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí chonarthaí nó trí sholáthraithe atá ag FSS cheana féin. D'oibrigh an Clár go leanúnach chun laghdú a bhaint amach i gcostais riaracháin trí chonarthaí a shocrú de réir an phraghais ab fhearr agus trí leas iomlán a bhaint as saineolas inmheánach chun a chinntiú gur fós réasúnach a bheadh costais riaracháin i gcoibhneas le soláthar seirbhísí.

Teastaíonn leibhéal cuí maoiniúcháin ón gClár chun gur féidir leis leanúint de bheith ag tacú le clár náisiúnta maoiniúcháin agus le hobair na bhfeidhmeanna uile eile a sholáthar ar aon dul leis na cuspóirí straitéiseacha atá aige.

Foireann CPP agus Acmhainní Inmheánacha

Cuireann an Straitéis don tréimhse 2012–2016 leis an obair atá déanta ag an gClár ó bunaíodh é in 2001. Mar thoradh air sin, is uaillmhianach atá an clár oibre, ach beifear in ann é a sholáthar. Ní bheifear in ann é a sholáthar, áfach, ach amháin fad a choinneoidh an Clár ar feadh shaolré na Straitéise an struchtúr foirne agus na leibhéil saineolais inmheánaigh a bhí aige i mí Eanáir 2011. Beag beann ar an drochthimpeallacht gheilleagrach agus ar an moratóir ar earcaíocht atá ann faoi láthair, tá an Clár ag leanúint ar aghaidh le dul i ngleic le saincheisteanna acmhainní, le róil agus le dualgais a ath-leithdháileadh agus lena chuid oibre a dhaingniú.

Is é aidhm an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus táirgiúlacht a uasmhéadú agus a chinntiú ag an am céanna go mbíonn cuspóirí na bhfostaithe nasctha le Straitéis an Chláir. Baintear an méid sin amach trí phróifílí a fhorbairt do róil aonair, próifílí atá dlúthnasctha le cuspóirí na Straitéise agus an Phlean Gnó bhliantúil. Féachann an Clár lena chinntiú go ndéantar beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a chur in iúl go soiléir do bhaill foirne FSS agus go dtuigeann gach duine acu iad.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Táirgiúla

Ó bunaíodh an Clár, tá roinnt comhpháirtíochtaí straitéiseacha tábhachtacha tionscanta aige le raon leathan páirtithe leasmhara ar mhaithe le comhchuspóirí a bhaint amach. Aithníonn an Clár gur ríthábhachtach dá chuspóirí straitéiseacha a chur chun feidhme a bhíonn sé obair a dhéanamh i gcomhpháirt le limistéir feidhme ábhartha FSS, le heagraíochtaí reachtúla agus deonacha agus le Ranna Stáit. Agus obair á déanamh i gcomhpháirt, cinntítear go ndéantar taithí agus cumas na n-eagraíochtaí, bíodh siad reachtúil nó deonach, a chur le chéile ar mhaithe le comhspriocanna a bhaint amach.

Fáil ar Bhonn Marthanach Fianaise in Éirinn

Tá cáil ar an gClár mar gheall ar an gcur chuige fianaisebhunaithe a ghlacann sé i leith a chuid oibre. Níor cheart féachaint ar an mbonn fianaise mar acmhainn statach. Dá bhrí sin, teastaíonn tiomantas leanúnach uaidh ionas gur féidir leis eolas a thabhairt d'obair an Chláir agus do réimsí ar cheart díriú orthu mar thosaíocht. Sa bhliain 2013, lean an Clár de bheith ag cur lena bhonn fianaise trí infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua taighde ar mhaithe lena chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do thionscadail leanúnacha taighde.

Cumarsáid agus Scaipeadh Éifeachtach

Toisc go bhfuil ról ag an gClár oideachas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar an ábhar, tá bealaí agus uirlisí éifeachtacha cumarsáide ag teastáil chun a chinntiú go gcuirtear teachtaireachtaí in iúl don spriocphobal, faoi mar atá beartaithe. Sa bhliain 2013, bhain an Clár leas as raon leathan bealaí agus suíomhanna agus chuir sé straitéisí nuálacha le chéile ar mhaithe lena chuid teachtaireachtaí a chur in iúl ar bhealach éifeachtach.

Aguisíní

Aguisín 1: Cód Eitice

Is é cuspóir an Chóid Eitice na prionsabail a threoraíonn cinntí Chlár Toircheas Géarchéime FSS a chur in iúl i bhfianaise na bhfreagrachtaí atá uirthi i leith a dtoghlach éagsúil. Treoraíonn na prionsabail sin na cinntí a dhéantar maidir le tionscadail agus le taighde an Chláir (lena n-áirítear an taighde a maoiníonn sé é) a fhorbairt agus a mhaoiniú agus maidir le tacaíocht a thabhairt do na tionscadail agus don taighde sin. Is cuid den chreat tagartha iad na prionsabail sin nuair a bhíonn moltaí le haghaidh maoiniúcháin á measúnú.

Agus é i mbun a chuid oibre, agus nuair a bheidh sé ag tacú le hobair daoine eile, déanfaidh an Clár an méid seo a leanas:

- léireoidh sé meas ar mhná atá ag déileáil le toircheas géarchéime agus ní thabharfaidh sé breithiúnas ar bith maidir leis na roghanna a dhéanfaidh siad;
- léireoidh sé meas ar an neamhspleáchas atá ag bean agus ar an gceart atá aici chun príobháideachais (de réir shrianta an dlí);
- beidh gach réimse dá chuid oibre bunaithe ar thaighde iontaofa agus ar an dea-chleachtas;
- déanfaidh sé iarracht bheith ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí sa réimse seo;
- féachfaidh sé le beartais a chur chun cinn a léireoidh meas ar na heispéiris agus ar na dearcaí éagsúla atá ann ar an gceist seo;
- tabharfaidh sé tacaíocht do ghníomhaireachtaí:
  - a ghlacann le cineálacha gairmiúla cur chuige nuair a bhíonn comhairle agus faisnéis á dtabhairt acu don phobal agus nuair a bhíonn oideachas á chur acu orthu;
  - a thugann eolas iomlán dá gcuid cliant maidir le héiteas na heagraíochta;
  - a chuireann cinnteoireacht eolach chun cinn nuair a bhíonn ceisteanna á réiteach acu ó thaobh toircheas géarchéime agus cúrsaí gaolmhara sláinte gnéasaí de;
  - a bhaineann leas as taighde iontaofa agus as modhanna

  freagracha chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar mhaithe le cuntasacht agus an dea-chleachtas a áirithiú;
  - a oibríonn ar mhaithe le comhionannas rochtana agus cáilíochta a chur chun cinn do chliaint;
  - a chuireann cliaint ar aghaidh chuig eagraíochtaí eile nuair nach mbíonn an fhaisnéis ná an tseirbhís a theastaíonn ón gcliant ar fáil.

Aguisín 2: Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach

Alison Begas Uas.	Príomhfheidhmeannach agus ionadaí Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath
Alwiye Xuseyn Uas.	Oifigeach Sláinte Tionscadail agus ionadaí AkiDwA Anne Maree Quinn Uas. Ionadaí Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann
An Dr Anne Marie McGauran (Cath.)	Anailísí Sinsearach, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES)
Brenda Kneafsey Uas.	Comhordaitheoir Tacaíochta don Líonra Iarchúraim agus ionadaí Chumann na hÉireann um Dhaoine Óga faoi Chúram
Bridget Collins Uas.	Ionadaí Ionad Pavee agus an Lucht Siúil
Catherine Duffy Uas.	Speisialtóir Pleanála Náisiúnta agus ionadaí Cúraim Phríomhúil, FSS Thiar
An tUrr. Daniel Nuzum	Ionadaí Easpaig Eaglais na hÉireann
Denise McCarthy Uas.	Oifigeach Leasa agus ionadaí Aontas na Mac Léinn in Éirinn
An tUas. Fergus Hogan	Léachtóir, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus ionadaí do shláinte na bhfear
Frances Byrne Uas.	Stiúrthóir agus ionadaí OPEN
Frances Shearer Uas.	Comhordaitheoir Náisiúnta Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus ionadaí don earnáil oideachais
An Dr Helen McMillan	Ionadaí Institiúid na gCnáimhseoirí agus na nGínéiceolaithe
Jessica Dempsey Uas.	Oifigeach Preasa agus Cumarsáide, Comhlachais Tráchtála na hÉireann, agus ionadaí d'fhostóirí (chuaigh sí ar scor ón ról in 2013)
Julie Kerins Uas.	Oibrí Sóisialta Sinsearach, Cúnamh, agus ionadaí Chomhairle Ghníomhaireachtaí Uchtála na hÉireann
Louise Graham Uas.	Comhordaitheoir Náisiúnta agus ionadaí CURA
Margot Doherty Uas.	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta agus ionadaí Threoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí
An Dr Miriam Daly	Liachleachtóir agus ionadaí Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann
Róisín Dermody Uas.	Comhalta de Ghrúpa Oibre na mBan faoi Mhíchumas agus ionadaí do dhaoine faoi mhíchumas
Rose Tully Uas.	Ionadaí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-Bhunscoileanna
Sherie de Burgh Uas.	Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí One Family
Siobhán Brennan Uas.	Oifigeach Sinsearach Tionscadal, an Clár Náisiúnta Sláinte Óige agus ionadaí Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann
Tríona Fitzpatrick Uas.	Oibrí Sóisialta agus ionadaí Chumann Cúramóirí Altramais na hÉireann
Ursula Byrne Uas.	Oifigeach Oideachais agus ionadaí don Bhord Altranais

Aguisín 3: Seirbhísí Tacaíochta

Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime

Tá comhairleoireacht toircheas géarchéime atá á maoiniú ag an Stát ar fáil saor in aisce i mbreis agus 50 ionad ar fud na tíre. Chun liosta a fháil de na heagraíochtaí a chuireann comhairleoireacht toircheas géarchéime ar fáil saor in aisce agus gan bhreithiúnas, is féidir le daoine den phobal cuairt a thabhairt ar Positiveoptions.ie nó an focal LIST a shaorthéacsáil chuig 50444.

Seirbhísí Iarchúram Ginmhillte

Chun faisnéis a fháil faoi na seirbhísí míochaine agus comhairleoireacht iar-ghinmhillte atá á maoiniú ag an gClár agus atá ar fáil saor in aisce, is féidir le daoine den phobal cuairt a thabhairt ar Abortionaftercare.ie nó an focal AFTERCARE a shaorthéacsáil chuig 50444.

Faisnéis faoi Fhrithghiniúnaigh

Acmhainn chuimsitheach is ea Thinkcontraception.ie, áit a bhfuil faisnéis idirghníomhach le fáil faoi fhrithghiniúnaigh, faoi shláinte ghnéasach, faoi thorthúlacht agus faoi ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna). Tá quiz ann freisin faoi shláinte ghnéasach.

Acmhainní do Thuismitheoirí

Tá roinnt acmhainní forbartha ag an gClár chun cabhrú le tuismitheoirí faisnéis atá oiriúnach dá n-aois a thabhairt dá leanaí faoi chaidreamh agus faoi ghnéas:

- 'Busy Bodies'– DVD agus leabhrán do thuismitheoirí leanaí atá idir 10 mbliana d'aois agus 14 bliana d'aois. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal BUSY agus a n-ainm agus a seoladh a shaorthéacsáil chuig 50444.
- 'You Can Talk To Me'– DVD agus leabhrán do thuismitheoirí leanaí atá idir 11 bhliain d'aois agus 15 bliana d'aois. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal PARENT agus a n-ainm agus a seoladh a shaorthéacsáil chuig 50444.
- 'Tips for Talking to Older Teenagers'– Forlíonadh do thuismitheoirí déagóirí níos sine. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal TALK agus a n-ainm agus a seoladh a shaorthéacsáil chuig 50444.
- B4uDecide.ie – suíomh Gréasáin do dhéagóirí agus dá dtuismitheoirí, áit a bhfuil quizeanna, suirbhéanna agus agallaimh físe le daoine óga maidir le caidrimh shláintiúla a chothú agus maidir le dul i ngleic le piarbhrú. Chomh maith leis sin, tá rannán ar an suíomh dar teideal 'The Facts', rud ina bpléitear leis an aois toilithe, le frithghiniúint, le STInna agus le toircheas géarchéime.
- 'The Facts' – DVD do thuismitheoirí déagóirí atá idir 15 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois - tugtar faisnéis ann faoi thorthúlacht, faoi fhrithghiniúint, faoi STInna agus faoi thoircheas géarchéime. Is féidir le tuismitheoirí cóip a ordú tríd an bhfocal FACTS agus a n-ainm agus a seoladh a shaorthéacsáil chuig 50444.

Suíomh Gréasáin an Chláir Thoircheas Géarchéime

Tá faisnéis chuimsitheach faoi thoircheas géarchéime ar fáil ar Crisispregnancy.ie. Cuirtear taighde, preasráitis agus faisnéis nua leis an suíomh ar bhonn rialta.

An 4ú hUrlár
89-94 Sráid Chéipil
Baile Átha Cliath 1

www.crisispregnancy.ie
info@crisispregnancy.ie

Teil.: 353 1 814 6292
Facs: 353 1 814 6282

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

crisispregnancyprogramme